LSRA

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority



# Tuarascáil Bhliantúil 2023

*Neamhspleáchas*

*Nuálaíocht*

*Cosaint do Thomhaltóirí*

*Trédhearcacht agus Cuntasacht*

## Is í seo ár bhFÍS:

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

LSRA

## Is é seo ár MISEAN:

Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí dlí sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá**

| | |
|---|---|
| Cé Sinn, Na Nithe a Dhéanaimid, Ár gCuspóirí | **5** |
| Brollach ón gCathaoirleach | **8** |
| Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | **12** |
| Plean Straitéiseach 2022-2025 | **16** |
| 2023 ar Sracfhéachaint | **18** |

**2. Conas a Rialálaimid**

| | |
|---|---|
| Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh | **20** |
| Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán | **32** |

**3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid**

| | |
|---|---|
| Tuarascálacha Taighde agus Moltaí | **38** |
| Cumarsáid agus Caidreamh | **42** |

**4. Rialachas agus Bainistíocht**

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Údarás agus a gComhlachtaí Ainmniúcháin | **44** |
| Gníomhaíochtaí an Údaráis | **50** |
| Socruithe Rialachais | **54** |
| Forbairtí Eagraíochta | **61** |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta | **67** |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2023 | **70** |

# Ár Luachanna

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:




## Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis sa bhliain 2023 chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.





# 1. Réamhrá

## Cé Sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta arna gceapadh de réir alt 9 den Acht. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (Higher Education Authority)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann anois)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann

Ainmníonn na comhlachtaí ainmniúcháin duine amháin acu an ceann lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt acu lena gceapadh. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá tromlach agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- seirbhísí dlí a sholáthar;
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí;
- dlí agus beartas iomaíochta;
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- ábhair ghnó agus thráchtála;
- riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí.

## Na Nithe a Dhéanaimid

Cuirtear de chúram ar an Údarás um Rialáil Seirbhísí Dlí soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá aon fheidhm déag ag an Údarás faoi alt 13 den Acht. Is iad sin:

1. **Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.**
2. **Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:**
   - **i)** **na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;**
   - **ii)** **infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;**
   - **iii)** **beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;**
   - **iv)** **cóid ghairmiúla;**
   - **v)** **mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
3. **Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí leis an Údarás.**
4. **An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.**
5. **Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.**
6. **Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.**
7. **Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil.**
8. **Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.**
9. **An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.**
10. **Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.**
11. **Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.**





## Ár gCuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis, arb iad ár bprionsabail oibriúcháin iad go bunúsach. Is iad sin:

1. **Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.**
2. **Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.**
3. **Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.**
4. **An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
5. **Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.**
6. **Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.**

## An Tuarascáil Seo

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD sa bhliain 2023 i gcomparáid leis na tosaíochtaí sa Phlean Straitéiseach 2019-2025 uaidh.

## Giorrúcháin agus Téarmaí a úsáidtear sa Tuarascáil seo

**Dlí-Chleachtóir:** Aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach (lena n-áirítear iaraturnae nó iarabhcóide agus gnólacht aturnaetha).

**CDanna:** Comhpháirtíochtaí Dlí

**LPDT:** An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

**ÚRSD:** An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

**CDTanna:** Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

**An tAcht:** An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

**Ceangal nó Cimiú:** Is é is ceangal nó cimiú ann ná orduithe atá ceaptha chun iallach a chur ar dhuine ordú ón gcúirt a chomhlíonadh. Is é is ceangal ann ná ordú go dtabharfaí duine os comhair na cúirte chun a mhíniú cén fáth ar mhainnigh sé nó sí ordú níos luaithe a chomhlíonadh. Is é is cimiú ann ná ordú chun duine a ghabháil agus é nó í a chimiú chun príosúin.

**Probháid:** An próiseas ina ndéantar iarratas chuig an gcúirt ar dheonú lena dtugtar teidlíocht do dhuine nó do dhaoine chun eastát duine éagtha a riar.

**Gealltanas:** Gealltanas, atá ina cheangal dlí, chun rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin a dhéanamh. I gcomhthéacs gearán, is comhaontuithe sonracha iad atá deimhnithe i scríbhinn ag aturnaetha.

**Mainneachtain tabhairt ar láimh:** Mainneachtain comhaid, gníomhais teidil, etc., a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag teastáil.

**Mainneachtain cuntas a thabhairt:** Neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cuntais chuí iomlána a thabhairt ar airgead arna shealbhú agus arna fháil.

**Mainneachtain táillí abhcóide a íoc:** Íocaíocht gan a bheith déanta ag aturnae le habhcóide i leith a tháillí nó a táillí (i gcás go ndearna an cliant íocaíocht leis an aturnae), nó a dhícheall nó a dícheall gan a bheith déanta ag aturnae chun táillí atá dlite d'abhcóide ag a chliant nó a cliant a ghnóthú.

# Brollach ón gCathaoirleach

An Dr Don Thornhill



Bliain shuntasach eile do ÚRSD ba ea an bhliain 2023, agus dul chun cinn breise déanta ar ár dtosaíochtaí reachtúla agus straitéiseacha a bhaint amach i roinnt réimsí tábhachtacha.

I mí an Mheithimh 2023, d'fháiltíomar roimh gharsprioc eile san fhearas neamhspleách láimhseála gearán a bunaíodh san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht). An mhí sin, thosaigh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí ag éisteacht a chéad fhiosrúchán i ngearáin mhí-iompair ar tharchuir ÚRSD agus an Dlí-Chumann araon iad chuige. Is é is an Binse Araíonachta ann ná comhlacht reachtúil neamhspleách a bhfuil a chathaoirleach féin agus áitreabh leithleach aige, agus cistítear é leis an tobhach ar dhlí-chleachtóirí. Soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil don Bhinse Araíonachta.

I mí Meán Fómhair 2023, cheadaigh an tÚdarás togra ó choiste feidhmiúcháin ÚRSD chun a shocrú go bhfoilseofaí cinntí ón mBinse Araíonachta agus orduithe agus breitheanna ón Ard-Chúirt i nithe mí-iompair, mar a shainordaítear faoi alt 88 den Acht. Ón mbliain 2024 ar aghaidh, cuirfear na cinntí ón mBinse Araíonachta ar fáil don phobal agus do na meáin. Chomh maith leis sin, cuirfear fógraí áirithe san Iris Oifigiúil, arb í iris oifigiúil Stát na hÉireann í, agus sa Law Society Gazette, arb í Iris mhíosúil Dhlí-Chumann na hÉireann í agus inar foilsíodh cinntí ón mBinse Araíonachta Aturnaetha i ndáil le haturnaetha roimhe sin.





## Samhail ghnó nua do dhlí-chleachtóirí

Foráiltear le hAcht ÚRSD, 2015, do chomhpháirtíochtaí dlí idir aturnaetha agus abhcóidí nó idir abhcóidí agus abhcóidí eile. Le teacht i bhfeidhm an Achta um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, i mí Iúil 2023, réitíodh an bealach do ÚRSD chun tús a chur leis na forálacha iomchuí chun comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach sa bhliain 2024.

Beidh an tsamhail ghnó nua sin ina príomhfhorbairt sa nuachóiriú a dhéanfar ar conas is féidir seirbhísí dlí a sholáthar do thomhaltóirí ar bhealaí a d'fhéadfadh éifeachtúlachtaí a bhreisiú agus iomaíocht a mhéadú. Bainfidh abhcóidí agus aturnaetha atá ag cleachtadh i gcomhpháirtíochtaí tairbhe as na héifeachtúlachtaí a eascróidh as grúpchleachtadh, amhail iad a bheith in ann costais chúlseomra, obair le cliaint agus rioscaí a chomhroinnt. Dá réir sin, tairgfear níos mó roghanna do thomhaltóirí agus iad ag baint leas as seirbhísí dlí. Ina theannta sin, mar thoradh ar bheirt abhcóidí nó níos mó a bheith in ann oibriú i gcomhpháirtíochtaí, cuirfear mórdheiseanna fostaíochta agus forbairt gairme chun cinn sa ghairm sin, de bhreis ar na samhlacha atá ann cheana inar féidir leo a bheith ina dtrádálaithe féinfhostaithe nó i bhfostaíocht.

Déanfaidh ÚRSD dlúthchaidreamh leis na comhlachtaí gairmiúla agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile sa bhliain 2024 de réir mar a ullmhaíonn sé na rialacháin dhlíthiúla chumasúcháin chun tabhairt isteach comhpháirtíochtaí dlí a éascú. Tá an tÚdarás tiomanta do chreat rialála a chruthú lena gcuirfear ar chumas dlí-chleachtóirí obair le chéile agus seirbhísí dlí a bheidh éifeachtúil agus ar phraghas iomaíoch a sholáthar do thomhaltóirí. Tá sé tiomanta freisin do dheiseanna fostaíochta a éagsúlú d'abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú.

## Baineadh cinnteacht agus cobhsaíocht maidir le cistiú amach

Cistítear ÚRSD den chuid is mó trí thobhach ar na gairmeacha dlí. Ó bhunú an Údaráis sa bhliain 2016 i leith, tháinig sé chun solais gurb amhlaidh, maidir leis an tsamhail tobhaigh atá ar áireamh ina reachtaíocht bunaidh, atá sí casta gan ghá, atá sí doiligh le riar agus nach dtugtar sruth inbhuanaithe cistiúcháin léi.

Tugadh leasuithe tábhachtacha ar fhorálacha tobhaigh an Achta isteach san Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023. Baineann na príomhathruithe leis an dóigh a ríomhann ÚRSD an tobhach bliantúil. Ar dtús, bhí ríomh an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas na bliana roimhe a fhorchúiteamh. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh teorainn leis an méid airgid a d'fhéadfadh ÚRSD a ghiniúint leis an tobhach agus níor cuireadh san áireamh ann riachtanais cistiúcháin breise a thiocfadh chun cinn de réir mar a leathnófaí ár bhfeidhmeanna reachtúla.

Faoin tsamhail nua, is féidir glanchaiteachas buiséadaithe ionchasach do ÚRSD agus don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí araon a chur ar áireamh anois mar chuid de ríomhanna an tobhaigh, rud lena gcuirtear go mór leis an gcinnteacht agus an chobhsaíocht maidir le cistiú.

## An dul chun cinn ar athchóiriú an oideachais agus na hoiliúna

Ó uair a bhunaithe i leith, tá an tÚdarás ag cur a lán ama agus dua isteach i scrúdú a dhéanamh ar réimse tábhachtach an oideachais agus na hoiliúna dlí-chleachtóirí agus i dtuairisc a thabhairt ina leith don Aire Dlí agus Cirt.

Ag teacht sna sála ar chaidreamh fairsing le hoifigigh na Roinne Dlí agus Cirt, chuir an tÚdarás tús i mí Mheán Fómhair 2023 le Coiste Oideachais agus Oiliúna a bhunú faoi alt 16 den Acht. Leagfaidh an coiste an bhunchloch, agus tógfaidh sé an creat, le haghaidh Coiste reachtúil neamhspleách um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a thabhairt isteach, mar a moladh sa tuarascáil a d'fhoilsigh an tÚdarás sa bhliain 2020 dar teideal 'Caighdeáin a Shocrú: Tuarascáil ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí'. Tar éis a bhunaithe, beidh freagracht ar an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí as caighdeáin an oideachais agus na hoiliúna dlí-chleachtóirí a shocrú, a shainiú agus a chothabháil. Bheadh sé de cheangal ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna gairmiúla dlí atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí a thaispeáint don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí conas a chomhlíonfadh siad na caighdeáin sin.

## Breathnú ar aghaidh

Ag breathnú ar aghaidh dúinn, beidh an bhliain 2024 ina bliain thábhachtach eile le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar fhís ÚRSD chun leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

Foilseoidh an tÚdarás taighde a mbeidh moltaí ag gabháil leis in dhá réimse leithleacha, faoi mar a d'iarr an tAire Dlí agus Cirt. Baineann an chéad réimse leis na bacainní a mbíonn gairmithe dlí atá faoi oiliúint agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Is é atá sa dara réimse ná breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir. Gabhann raon moltaí le haghaidh athchóirithe leis na tuarascálacha, agus tá an tÚdarás ag súil le caidreamh leanúnach a dhéanamh le geallsealbhóirí chun caighdeáin a ardú sa ghairm dlí, agus bacainní ar ghlacadh isteach sa ghairm dlí á n-íslíú ag an am céanna.





## Radharc siarghabhálach

Sa bhliain 2024, beidh mise ag dul i bpáirt le roinnt de mo chomhghleacaithe in ÚRSD agus muid ag éirí as an Údarás ar chomhaltas ocht mbliana san iomlán a bheith curtha isteach againn. Ag an am céanna a bheidh mise ag dul as oifig, beidh Eileen Barrington SC, Angela Black, Geraldine Clarke SC, Joan Crawford agus Dermott Jewell, comhaltaí den Údarás, ag dul as oifig freisin.

Is í seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh a chuirfidh mé faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart. Ag breathnú siar dúinn ar an mbliain 2016, tráth a chuaigh mé i mbun an phoist, is féidir linn an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an eagraíocht i dtréimhse chomh gairid sin a fheiceáil. Mar a luaigh mé sa chéad Tuarascáil Bhliantúil uainn, thosaigh an tÚdarás a chuid oibre gan aon fhoireann agus gan aon áitreabh, ag obair dó le tacaíocht riaracháin eatramhach ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a bhí sí ag an am. I mí Eanáir 2017, ceapadh Renée Dempsey mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach agus réitigh a cuid oibre an bealach le haghaidh an Dr Brian Doherty, ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha, a cheapadh sa bhliain 2018.

Is mór an pléisiúr dom mo mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn iontach atá déanta ag an eagraíocht sna hocht mbliana seo atá imithe thart, agus í ag tiontú óna comhlacht a bhí i mbéal fáis agus ar bheagán foirne sa bhliain 2016 ina rialálaí lánfhásta sa lá atá inniu ann. Ní raibh an tréimhse sin saor ó dheacrachtaí ná ó dhúshláin agus an eagraíocht i mbéal fáis. Agus tiocfaidh tuilleadh dúshlán chun cinn amach anseo. A bhuí leis an tiomantas agus an dúthracht a raibh an t-ádh orm iad a fheiceáil i measc na foirne agus i measc chomhaltaí an Údaráis araon, áfach, táim fíormhuiníneach go leanfaidh ÚRSD ar aghaidh ag dul ó neart go neart.

Gabhaim buíochas ó chroí le coiste feidhmiúcháin ÚRSD, ag obair dó faoi cheannaireacht bhreá an Dr Doherty, lena chomhghleacaithe san Fhoireann Ardbhainistíochta agus lenár mbaill foirne uile. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le Ultan Ryan, rúnaí an Údaráis, a raibh a thacaíocht agus a chomhairle ríthábhachtach dom thar na blianta. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí uile eile den Údarás, a raibh roinnt díobh ar an aistear seo liom ón gcéad lá amach, agus leo sin a chuaigh isteach san Údarás ón uair sin i leith.

I gcás gach duine de gheallsealbhóirí ÚRSD, lena n-áirítear an tAire Dlí agus Cirt, oifigigh na Roinne agus na comhlachtaí gairmiúla, gabhaim buíochas libh as bhur gcuid díograise agus tacaíochta d'fhís an Údaráis dó féin mar rialálaí nua, do na daoine sin a rialálaimid, agus do na luachanna seirbhíse poiblí a ndéanaimid iarracht seasamh leo.

Thar ceann an Údaráis, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

**An Dr Don Thornhill**
**Cathaoirleach**

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Dr Brian J. Doherty



Bliain ríthábhachtach ba ea an chéad bhliain iomlán a bhí Ráiteas Straitéise 2022-2025 i bhfeidhm, agus é ar an tríú ráiteas straitéise ó ÚRSD. Príomhchuspóir straitéiseach de chuid na heagraíochta ba ea éifeachtúlacht oibriúcháin a bhreisiú chun ár gcroí-oibríochtaí rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar. Chun go mbeidh aon eagraíocht in ann pleanáil le haghaidh na n-éifeachtúlachtaí sin agus iad a sholáthar, teastaíonn bonn láidir airgeadais. Is rud é sin nach raibh ag ÚRSD ó uair a bhunaithe sa bhliain 2016 i leith. Tá inmharthanacht shamhail cistiúcháin tobhaigh reachtúil ÚRSD ina hábhar imní le roinnt blianta anuas. Mar sin de, tá tabhairt isteach na n-athruithe reachtacha sa bhliain 2023 ina cor cinniúna do ÚRSD.

Mar gheall ar shamhail tobhaigh nua a tugadh isteach san Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, tá cistiú ÚRSD ar bhonn láidir den chéad uair riamh. Ba í príomhlaige na seansamhla ná go raibh sí seanfhaiseanta, agus ríomh an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas a rinneadh sa bhliain roimhe sin. Faoin tsamhail nua, áirítear méid le haghaidh caiteachas buiséadaithe leis an tobhach anois. Fágann sé sin gur féidir le ÚRSD buiséadú agus pleanáil anois ar bhealach réamhbhreathnaitheach le haghaidh an fháis agus na ngníomhaíochtaí a theastaíonn chun a shainordú fairsing a chomhlíonadh, chun éifeachtúlacht oibriúcháin a bhreisiú, agus chun soláthar seirbhíse a fheabhsú.

Rinneadh obair dhícheallach ar feadh roinnt blianta chun an tsamhail tobhaigh nua a chur i bhfeidhm, agus ba mhaith liom go mór aitheantas a thabhairt do mo chomhghleacaithe laistigh de ÚRSD agus laistigh den Roinn Dlí agus Cirt araon as na hiarrachtaí mionchúiseacha as ar eascair na leasuithe reachtacha sa bhliain 2023. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Dlí-Chumann na hÉireann agus le Barra na hÉireann, a íocann an tobhach ar bhonn comhchoiteann, agus le dlí-chleachtóirí aonair, as an méid a chomhoibrigh siad leis na hathruithe.

Leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, tugadh leasuithe isteach freisin maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ar leasuithe iad atá ábhartha d'oibriú an tobhaigh. Tá oibleagáidí nua ann ar abhcóidí eolas a thabhairt do ÚRSD má thagann athruithe ar a mionsonraí ar an Rolla. D'fhéadfadh gurbh ionann mainneachtain an t-eolas sin a thabhairt do ÚRSD agus mí-iompar faoi Acht 2015. Ní mór d'abhcóidí ar an Rolla anois freisin iarratas a dhéanamh ar ÚRSD go mbainfí a n-ainm den Rolla i gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar. Is é an toradh a bheidh ar na feabhsuithe oibriúcháin sin ná go dtabharfar níos mó dearbhuithe do dhlí-chleachtóirí agus do thomhaltóirí go bhfuil siad ag déileáil le gairm dlí rialáilte.

## Láimhseáil gearán

Ba í an bhliain faoi athbhreithniú an ceathrú bliain iomlán a bhí ÚRSD ar an gcomhlacht neamhspleách láimhseála gearán le haghaidh gearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí. I gcomparáid leis an mbliain roimhe, tháinig laghdú 5% ar an líon gearán a fuarthas sa bhliain, agus é cothrom le 1,290 gearán. B'ionann an líon agus 1,352 ghearán sa bhliain 2022. Léirítear an athuair sa mhiondealú ar na cineálacha gearán a fuarthas go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann, áit a mbaineann formhór na ngearán le mí-iompar líomhnaithe agus a mbaineann an líon is mó gearán ina dhiaidh sin le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus le costais iomarcacha (róghearradh táillí).

Den chéad uair riamh, soláthraítear sa tuarascáil bhliantúil seo faisnéis staidrimh níos mine faoi na gearáin a fuaireamar. Tá sé sin ag teacht le modh taifeadta nua a tugadh isteach i dtús na bliana 2023. Agus na sonraí sin á gcur i láthair againn, tá sé mar aidhm againn castacht na saincheisteanna agus na ndíospóidí a chuireann tomhaltóirí seirbhísí dlí faoinár mbráid a léiriú agus léargas níos réadúla a thabhairt ar an obair atá i gceist le gach gearán a bhreithniú agus a imscrúdú.

Trí na sonraí a bhailímid ar ghearáin aonair a shaibhriú, gnóthóimid tuiscint níos fearr freisin ar iompraíochtaí lena ngintear gearáin agus ar chleachtais is cúis le gearáin. Cabhróidh sé sin linn faoi seach faireachán, taighde agus caidreamh a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí agus muid ag iarraidh ár gcuspóirí reachtúla a bhaint amach, is iad sin leasanna tomhaltóirí a chosaint agus cloí le prionsabail ghairmiúla a chur chun cinn i measc dlí-chleachtóirí.

Tá áthas orm a chur in iúl gurbh amhlaidh, don dara bliain ó thosaigh ÚRSD ag fáil gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí agus ag imscrúdú na ngearán sin i leith, ba mhó sa bhliain 2023 an líon gearán a dúnadh ná an líon gearán a fuarthas, mar a bhí 1,432 gearán. Rud atá taobh thiar den ardráta dúnta gearán sin ba ea iarrachtaí marthanacha fhoireann ÚRSD agus chomhaltaí a Choistí rialála feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus próisis láimhseála gearán a bheachtú.

Is ábhar misnigh é a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, maidir leis an líon gearánach agus dlí-chleachtóirí atá toilteanach le caidreamh a dhéanamh lena chéile chun gearáin a réiteach go neamhfhoirmiúil, a leanann sé ar aghaidh ag méadú. Sa bhliain faoi athbhreithniú, rinneadh iarracht teacht ar réiteach neamhfhoirmiúil le cabhair ó idirghabhálaithe ÚRSD i gcás 93 gearán, suas ó 61 ghearán sa bhliain 2022 agus ó 38 ngearán sa bhliain 2021. Tugadh 31 ghearán san iomlán chuig réiteach neamhfhoirmiúil rathúil sa bhliain, suas ó 22 ghearán sa bhliain 2022. Ní bealach cuí chun gach cineál gearáin a láimhseáil é réiteach neamhfhoirmiúil, agus ní fhéadfaidh ÚRSD a sheirbhísí mar idirghabhálaí a thairiscint ach amháin le haghaidh gearán ó thomhaltóirí faoi sheirbhísí dlí nó faoi chostais dlí. Sna himthosca cearta, áfach, is féidir leis an gcur chuige sin a bheith ina bhealach an-éifeachtach an-éifeachtúil don dá pháirtí chun obair trína gcuid fadhbanna nó díospóidí ar bhonn atá deonach go hiomlán agus ar bhealach sábháilte rúnda, le cabhair ónár sainfhoireann.

Bhí méadú ann freisin sa bhliain sa ghníomhaíocht ar thug an Coiste um Ghearáin fúithi, ar coiste é a bunaíodh faoin Acht sa bhliain 2020 chun gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe a láimhseáil. Dhún an Coiste um Ghearáin 233 ghearán san iomlán sa bhliain, suas ó 157 ngearán sa bhliain 2022.

## Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí

Tharla ceann amháin de bhuaicphointí na bliana domsa go pearsanta i mí Dheireadh Fómhair nuair a d'óstáil ÚRSD Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí. Ba í sin an 12ú huair a reáchtáladh an chomhdháil bhliantúil sin. D'fhreastail breis agus 100 duine ó chúig ilchríoch ar an imeacht trí lá sa Royal Marine Hotel i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Óstáladh an chomhdháil roimhe sin i Singeapór, i nDún Éideann, sa Háig agus in Chicago.

Sa chomhdháil, tháinig rialálaithe dlí ó áiteanna ar fud an domhain le chéile chun a gcuid eispéireas agus dea-chleachtas a chomhroinnt, chun treochtaí agus téamaí a phlé, agus chun líonrú. Onóir do ÚRSD, mar rialálaí measartha nua, ba ea a bheith roghnaithe chun an tionól uathúil sin a óstáil. B'an-mhór ag baill foirne an deis chun a gcuid foghlama agus eispéireas a chomhroinnt lena macasamhlacha i ndlínsí eile agus chun foghlaim ó na samplaí dea-chleachtais a tugadh i gceardlanna agus i seisiúin plé iomlánaigh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí taobh thiar de rath an imeachta, go háirithe Alison Hook ó ghnólacht sainchomhairleoireachta Hook Tangaza agus an tÚdarás Rialála Aturnaetha i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, as an tacaíocht a thug siad dúinn le linn dúinn an chomhdháil a phleanáil agus a eagrú. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le baill foirne uile ÚRSD as níos mó ná mar a bhí dualgas orthu a dhéanamh le linn imeacht chomh hiontach sin a sholáthar.





## Taighde agus athchóiriú

Gné thábhachtach eile dár gcuid oibre is ea taighde, rud lena dtugtar léargais luachmhara agus lena ndoimhnítear ár dtuiscint ar an earnáil seirbhísí dlí. Tugadh obair chun críche sa bhliain ar thuarascáil ó Indecon Research Economists, rud a choimisiúnaíomar chun breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir. Chomh maith leis sin, rinneamar caidreamh le geallsealbhóirí ar thacar moltaí chun dul i ngleic leis na bacainní eacnamaíocha agus na bacainní eile a mbíonn abhcóidí agus aturnaetha atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo, mar a sainaithníodh i dtuarascáil a chuireamar faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt sa bhliain 2022. Táimid ag súil le tuarascálacha sa dá réimse sin a fhoilsiú sa bhliain 2024.

## For-rochtain agus buíochas

Cé gur bhliain dhúshlánach í an bhliain 2023, baineadh an-chuid amach ar mar gheall uirthi atá bonn níos láidre againn ar a mbeimid in ann ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh sna blianta 2024 agus 2025. Tá caidreamh láidir le geallsealbhóirí ina chuid lárnach de rath ár n-eagraíochta, agus bhí ríméad ormsa agus ar mo chomhghleacaithe sinsearacha labhairt go díreach le dlí-chleachtóirí ag roinnt imeachtaí agus fóram ar fud na tíre sa bhliain. Ina measc sin bhí imeacht 'Buail leis an Rialálaí', agus tá sé beartaithe againn an t-imeacht sin a chur ar siúl ar bhonn níos leithne fós sa bhliain 2024.

Táim buíoch arís eile d'fhoireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a rannpháirtíocht leanúnach inár gcuid oibre agus as an obair atá ar bun acu chun feabhsuithe a bhrú chun cinn in oiliúint dlí-chleachtóirí agus i soláthar seirbhísí dlí. Cé go bhfuil neamhspleáchas ÚRSD ar an rud is tábhachtaí i ngach a ndéanaimid, ní féidir linn rialáil éifeachtach rathúil a bhaint amach gan teagmháil leanúnach a choinneáil ar bun leis na comhlachtaí gairmiúla agus le príomh-gheallsealbhóirí eile.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, as a chuid tacaíochta, ceannaireachta agus tiomantais d'fhís ÚRSD le linn a théarma oifige. A bhuí lena iarrachtaí, cuireadh ar ár gcumas an eagraíocht a chur ar bhonn láidir cobhsaí, agus muid ag baint leas as tacaíocht leantach ón Roinn Dlí agus Cirt, ó chomhaltaí an Údaráis, ó bhainisteoirí sinsearacha, ónár bhfoireann thiomanta agus ón lear geallsealbhóirí atá againn.

A bhuí leis an mbunsraith fhónta a leagadh le linn théarma oifige an Dr Thornhill mar Chathaoirleach an Údaráis, táim muiníneach go mbeidh ÚRSD in ann leanúint dá mhisean a chomhlíonadh, rud a bhfuil sé i gceist leis soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí dlí sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil an athuair le foireann ÚRSD agus aitheantas ó chroí a thabhairt di. Is féidir lenár gcuid oibre a bheith dúshlánach, agus is féidir léi a bheith gan stad in amanna. Teastaíonn foighne, tuiscint agus comhbhá chun déileáil leis na gearáin chasta a fhaighimid, ar gearáin iad a dhéanann difear don ghearánach agus don dlí-chleachtóir a ndearnadh gearán ina choinne nó ina coinne araon. Leanann baill foirne ÚRSD dá gceanglais a chomhlíonadh ar bhealach tiomanta díograiseach. Bím buíoch ó chroí díobh as an obair dhícheallach a dhéanann siad.


**An Dr Brian J. Doherty**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Plean Straitéiseach 2022-2025

Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022-2025, leagtar trí thosaíocht straitéiseacha síos do ÚRSD. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD i gcomparáid leis na tosaíochtaí sin le linn na bliana 2023.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhonn lenár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:

- Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh
- Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán
- Taighde agus Tuairisciú
- Cumarsáid agus Caidreamh
- Rialachas agus Bainistíocht






Tuarascáil Bhliantúil 2023 | ÚRSD

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1

### Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú

Breiseoimid éifeachtúlacht oibriúcháin chun ár gcroí-oibríochtaí rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar ar bhealach éifeachtach neamhspleách agus de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2

### Caighdeáin Ghairmiúla a Chur Chun Cinn agus Nuálaíocht a Spreagadh

Cuirfimid caighdeáin ghairmiúla chun cinn agus spreagfaimid nuálaíocht agus dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, i nglacadh sa ghairm dlí, sa rochtain ar cheartas agus i gcosaint tomhaltóirí.


## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3

### Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh

Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí rialála ÚRSD agus ar shaincheisteanna eile atá ábhartha don earnáil seirbhísí dlí trí chumarsáid bhreisithe agus caidreamh breisithe leis an bpobal, le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile.

Tuarascáil Bhliantúil 2023 | ÚRSD

# 2023 AR SRACFHÉACHAINT




## NA GEARÁIN UILE

**3,070**

CEANN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN



**1,290**
AN LÍON GEARÁN A FUARTHAS



**1,233**
AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HATURNAETHA

**57**
AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HABHCÓIDÍ

**1,432**
AN LÍON GEARÁN A DÚNADH




**256**
AN LÍON GEARÁN A RÉITÍODH (18%)

**111**
AN LÍON GEARÁIN AR SEASADH LEO (8%)

**699**
AN LÍON GEARÁN NEAMH-INGHLACTHA (49%)

## ROLLA NA NABHCÓIDÍ CLEACHTACHA

**3,051** AN LÍON ABHCÓIDÍ AR AN ROLLA

MÉADÚ **94** DHUINE Ó 2022




**2,139** AN LÍON ABHCÓIDÍ IS COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

**912** AN LÍON ABHCÓIDÍ NACH COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

## FOR-ROCHTAIN AGUS CAIDREAMH

**708** AN LÍON LEANTÓIRÍ AR TWITTER/X

MÉADÚ **13%** Ó 2022

**993** AN LÍON LEANTÓIRÍ AR LINKEDIN

MÉADÚ **90%** Ó 2022

## CDTANNA

**36** AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA A ÚDARAÍODH

**20** CEANN I MBAILE ÁTHA CLIATH

**4** CINN I GCORCAIGH

## AN COISTE UM GHEARÁIN AGUS AN COISTE ATHBHREITHNITHE

**48**
AN LÍON CRUINNITHE



# 2. Conas a Rialálaimid

## Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh

Is í seo an cúigiú bliain inar thug ÚRSD tuairisc ar a ghníomhaíochtaí láimhseála gearán sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Ba é 1,290 gearán an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2023, agus ba é 1,432 ghearán an líon gearán a dúnadh sa bhliain. Féadfar roinnt gearán a dhéanamh i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin nó i gcoinne an aon ghnólachta dlí amháin.

B'ionann an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2023 agus laghdú 5% i gcomparáid leis an mbliain 2022, ar lena linn a fuarthas 1,352 ghearán san iomlán. B'ionann an líon gearán a dúnadh sa bhliain 2023 agus 51 cheann níos lú ná an líon a dúnadh sa bhliain 2022, ar lena linn a dúnadh 1,483 ghearán san iomlán.

### Earcú Ball Foirne chuig an Rannóg Gearán

Cuireadh earcaíocht ar siúl sa bhliain 2023 le haghaidh baill foirne don Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Earcaíodh idirghabhálaí amháin sa bhreis chun cabhrú le déileáil leis an méadú san éileamh ar ghearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil. Earcaíodh ceathrar Oifigeach Gearán agus Réiteach sa bhreis agus, ós rud é gur éirigh beirt as sa bhliain, ba ghlanmhéadú de bheirt é sin. B'ionann agus 38 nduine an líon iomlán ball foirne sa rannóg ag deireadh na bliana 2023 (dá raibh aon duine dhéag ina mbaill foirne pháirtaimseartha). Tá sé beartaithe tuilleadh feachtas earcaíochta a chur ar siúl sa bhliain 2024 le haghaidh Oifigigh Chléireachais, Oifigigh Feidhmiúcháin agus Cásoifigigh sa bhreis. Tabharfaidh na Cásoifigigh tacaíocht bhreise don Choiste um Ghearáin.

### Na Cineálacha Gearán a n-imscrúdaíonn ÚRSD iad

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán nó trí fhoras gearán a ghlacadh agus a imscrúdú:

- gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh;
- gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid costas a bhí á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí;
- gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir faoin Acht.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh. Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliaint – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarradh (róghearradh táillí). Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.





### Modh Nua le haghaidh Gearáin a Thaifeadadh

Mar atá luaite thuas, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán nó trí fhoras gearán a ghlacadh agus a imscrúdú: gearáin faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí; gearáin faoi chostais iomarcacha (róghearradh táillí); agus gearáin faoi mhí-iompar. I ndáiríre, is minic a bhíonn roinnt forais dhifriúla le fáil san aon ghearán amháin. Mar shampla, is amhlaidh, i gcás gearán a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí go príomha, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur gearradh rótháille air nó uirthi. Mar an gcéanna, is amhlaidh, i gcás gearán faoi mhí-iompar líomhnaithe, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a fuair sé nó sí. Tugtar gearáin mheasctha orthu sin.


Léirítear sa tuarascáil seo dhá athrú thábhachtacha sa tslí a ndéantar gearáin aonair a thaifeadadh agus a rangú anois. Ar an gcéad dul síos, is amhlaidh, ó thús na bliana 2023 i leith, atá ÚRSD ag taifeadadh gach gearáin aonair mar ghearán a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais reachtúla gearán i gcás gur cuí.

Tagann sé sin in ionad an chórais roimhe, áit nach dtaifeadtaí gearán aonair ach amháin faoin bhforas príomha a cuireadh i láthair sa ghearán. Is é an aidhm atá leis an modh taifeadta nua níos sofaisticiúla ná léiriú níos fearr a thabhairt ar a chasta atá na gearáin a fhaigheann ÚRSD, ar gearáin iad nach dtagann faoi fhoras reachtúil amháin ina lán cásanna.

Athrú eile a tugadh isteach sa bhliain 2023 agus a ghabhtar sa tuarascáil seo freisin, baineann sé le conas a rangaíonn ÚRSD gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú.

Is ann do 37 gcatagóir san iomlán atá ar fáil. Taifeadtar gearáin faoi sheirbhísí agus faoi chostais de réir an réimse dlí atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearáin ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán. Áirítear leo sin, mar shampla, calaois nó mímhacántacht nó mainneachtain cumarsáid a dhéanamh.

#### Conas is féidir gearán measctha a thaifeadadh agus a rangú



Go dtí seo, ní thaifeadtaí gearán aonair ach amháin mar ghearán a bhain le catagóir amháin. Mar shampla, ní thaifeadtaí gearán faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí ach amháin faoin dlí teaghlaigh, fiú i gcás go raibh probhóid i gceist leis freisin. Mar an gcéanna, ní thaifeadtaí gearán aonair inar líomhnaíodh mí-iompar ach amháin faoi mhímhacántacht, fiú i gcás go raibh mainneachtain cumarsáid a dhéanamh i gceist leis freisin. Sa dá chás sin, ní dhéantaí ach an chomhpháirt phríomha a chatagóiriú agus a thaifeadadh.

Faoin gcóras taifeadta nua, rangaítear gearán aonair isteach i gcatagóir amháin nó níos mó de réir mar is cuí. Léirítear leis sin go gcuimsítear saincheist amháin nó níos mó, nó réimse dlí amháin nó níos mó, i ngearán aonair ina lán cásanna.

Leis an athrú sin, léirítear ar bhealach níos fearr a chasta atá na gearáin a fhaigheann ÚRSD.

Fanann an líon gearán a dtugaimid tuairisc orthu mar a bhí sé, ach táimid in ann anois tuairisc a thabhairt ar na comhpháirteanna difriúla atá le fáil sna gearáin sin agus sonraí agus anailís níos fearr a thabhairt ar na saincheisteanna agus na réimsí dlí a mbaineann siad leo.

I dteannta a chéile, is é an toradh atá ar an dá athrú sin ná go dtugtar léargas níos cruinne ar an obair a dhéanann Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD agus an dá choiste rialála atá aige le linn dóibh gearáin a bhreithniú agus a imscrúdú. Leanfaidh ÚRSD de na sonraí a bhailíonn sé agus a dtugann sé tuairisc orthu a fheabhsú agus a bheachtú agus é ag comhlíonadh a chuspóirí reachtúla.

> **"A bhuí le bhur n-ionchur, tá freagra faighte againn sa deireadh ar na ceisteanna a chuireamar. Go raibh maith agaibhse in ÚRSD as bhur dtacaíocht. Beimis caillte in bhur n-éagmais."**

## Tuairisc a Thabhairt ar Ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil gearán sa bhliain 2023:

- **Tuarascáil 1-2023, a foilsíodh an 6 Aibreán, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 3 Meán Fómhair 2022 go dtí an 3 Márta 2023.**
- **Tuarascáil 2-2023, a foilsíodh an 27 Meán Fómhair, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 4 Márta go dtí an 1 Meán Fómhair 2023.**

Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, déantar anailís níos mine ar staitisticí iontu ná mar a dhéantar anseo. Tá gach tuarascáil gearán ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Gearáin a Ghlacadh agus a Imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i Rialacháin ghaolmhara próisis reachtúla mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.

Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iniúchann baill foirne sa rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann fiosrú na critéir le haghaidh gearáin. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagras sin mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.





## Réamh-athbhreithniú ar Inghlacthacht Gearán

A luaithe a rangaítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt. Féadfaidh baill foirne sa rannóg gearán tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearán casta, is féidir go mbeidh roinnt babhtaí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

> **"Ba faoin easpa cumarsáide a bhí an gearán uainn i gcónaí, rud ba chúis le méid mór frustrachais. Go raibh maith agatsa agus ag an bhfoireann in ÚRSD as bhur dtacaíocht agus as dul chun cinn a dhéanamh ar an ní seo. Táimid ríbhuíoch toisc gur chabhraigh sé linn an cás a thuiscint ar bhealach níos fearr. Ba faoi chumarsáid a bhí sé i gcónaí."**

## Gearáin a Réiteach ar Shlí Neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. Ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarracht a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- **seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach;**
- **costais iomarcacha; nó**
- **mí-iompar ab ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh.**

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le cabhrú leis na páirtithe gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearán, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tabharfar an gearán ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag ÚRSD nó, i gcás gearán mí-iompair, tabharfar é ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag an gCoiste um Ghearáin. Maidir le gearán a bhfuil baint aige le níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin freisin má áirítear mí-iompar líomhnaithe leis, fiú más féidir cuid amháin den ghearán a réiteach.

Is ábhar misnigh é go mbíonn ag méadú gach bliain ar an líon gearánach agus dlí-chleachtóirí a ghlacann páirt sa phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil. Sa bhliain 2023, ghlac 93 dhuine de ghearánaigh agus de dhlí-chleachtóirí páirt sa phróiseas. I gcomparáid leis sin, ghlac 61 duine díobh páirt ann sa bhliain 2022 agus ghlac 38 nduine díobh páirt ann sa bhliain 2021.

## An Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020. Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste. Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 gcomhalta arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin líon nach lú ná ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann agus líon nach lú ná ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus is comhaltaí tuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch iad na comhaltaí eile.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe ar chinn Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD iad a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Tá sé de chumhacht ag an gCoiste um Ghearáin smachtbhannaí a fhorchur ar dhlí-chleachtóirí nó gearáin a tharchur chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí leithleach. Ní fhéadfaidh an Coiste um Ghearáin a chinneadh go ndearnadh mí-iompar.

Ós rud é gurbh ard fós a bhí an líon gearán a bhain le mí-iompar líomhnaithe, athstruchtúraíodh ualach oibre an Choiste um Ghearáin go pointe éigin sa bhliain 2023. Ba é an aidhm a bhí leis sin an líon gearán a thugtar ar aghaidh chuig an gcoiste a mhéadú, agus an líon gearán a chuirtear ar atráth á laghdú ag an am céanna. Cé gur shuigh an coiste líon níos lú uaireanta sa bhliain 2023 i gcomparáid leis an mbliain 2022 (38 n-uaire, síos ó 54 huaire), ba i bhfad níos airde a bhí an líon gearán ar dhún an coiste iad (233 ghearán sa bhliain 2023, suas ó 157 ngearán).

Tá ag an gCoiste Athbhreithnithe freisin 27 gcomhalta a dhéantar a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh, agus suíonn sé i ngrúpaí triúir. Athbhreithníonn an Coiste Athbhreithnithe cinntí ó Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus/nó le costais iomarcacha. D'athbhreithnigh an Coiste Athbhreithnithe 73 ghearán ag deich suí sa bhliain 2023 (suas ó sheacht suí sa bhliain 2022). Le linn na bliana, rinneadh 70 iarraidh ar athbhreithnithe (suas ó 40 iarraidh sa bhliain 2022).

## Ordacháin nó Cinntí ÚRSD a Fhorfheidhmiú

Sna gearáin uile nach gcloíonn dlí-chleachtóirí le hordacháin nó cinntí ó ÚRSD iontu, tionscnaíonn ÚRSD imeachtaí forfheidhmiúcháin faoi alt 90 den Acht. Nuair a mheastar iarratais den sórt sin chun na hArd-Chúirte a bheith riachtanach, lorgóidh ÚRSD freisin go n-íocfadh an dlí-chleachtóir na costais a thabhaíonn sé.

> **"Gabhaim míle buíochas le ÚRSD. D'éirigh libh dea-thorthaí a bhaint amach, tar éis neamhiontas a bheith déanta de na glaonna gutháin a chuir mé thar roinnt míonna agus den dá iarraidh scríofa a sheachaid mé i bpearsa. Is seirbhís iontach sibh."**





# Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2023

## Forbhreathnú

Sa bhliain 2023, fuair an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach 3,070 ceann san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.

Ar an iomlán, d'oscail an fhoireann sa rannóg gearán 1,710 comhad fiosraithe. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangaíodh 1,290 ceann díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Ba mar fhiosruithe a déileáladh leis an 420 comhad fiosraithe a bhí fágtha, agus baill foirne ag tabhairt faisnéise nó cabhrach. Cé nach rangaítear na fiosruithe sin mar ghearáin, tarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn ó bhaill foirne ÚRSD obair shuntasach a chur isteach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Faoi mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, ba mhó i bhfad an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí sa bhliain 2023, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála dírí atá acu le tomhaltóirí. Den 1,290 gearán a fuarthas, bhain 1,233 cinn le haturnaetha agus bhain 57 gcinn le habhcóidí.

Léirítear i bhFíor 1 ar leathanach 28 an miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir contae, bunaithe ar láithreacha oifige na ndlí-chleachtóirí. I dteannta a chéile, tá dlí-chleachtóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh freagrach as pas beag níos mó ná leath (51%) an lín iomláin gearán a fuarthas.

## Gearáin a Fuarthas

Mar atá luaite thuas, bhreisigh ÚRSD an taifeadadh gearán aonair mar ghearáin a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais san Acht i gcás gur cuí. Áirítear leis an tuarascáil anois miondealú iomlán ar fhorais maidir le gach ceann den 1,290 gearán a fuarthas sa bhliain 2023. Léirítear sa mhiondealú sin nach raibh ach foras reachtúil amháin ann i gcás 1,109 ngearán agus gur ghearáin mheasctha a raibh níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras i gceist leo iad 181 ghearán.

Sa bhliain 2023, ba faoi mhí-iompar líomhnaithe amháin a bhí 835 ghearán a fuarthas (65%). Bhí mí-iompar ina fhoras gearáin i 133 ghearán eile, áfach, rud a d'fhág gurbh ionann an t-iomlán agus trí cheathrú go díreach de na gearáin ar fad a fuarthas (75%).


Ba faoi chaighdeáin neamhdhóthanacha seirbhísí dlí amháin a bhí 244 ghearán san iomlán (19%). Bhí seirbhísí neamhdhóthanacha ina bhforas do ghearán i 166 ghearán eile, áfach. Mar an gcéanna, ba faoi chostais iomarcacha amháin a bhí 30 gearán (2%), agus tarraingíodh forais costas iomarcach anuas freisin i 90 gearán eile.

# Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2023

## Na Forais Uile do Ghearáin

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú. Mar atá luaite thuas, breisíodh an taifeadadh gearán chun go léireofaí ann go bhféadfadh roinnt comhpháirteanna difriúla ar fud 37 gcatagóir atá ar fáil a bheith ar áireamh san aon ghearán amháin.


Maidir leis an 1,290 gearán aonair a fuarthas sa bhliain 2023, cuimsíodh iontu 1,796 chomhpháirt ar fud na gcatagóirí atá ar fáil.




| | | |
|---|---|---|
| Mí-iompar, agus mí-iompar amháin | 835 | (65%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí, agus seirbhísí neamhdhóthanacha dlí amháin | 244 | (19%) |
| Costais iomarcacha, agus costais iomarcacha amháin | 30 | (2%) |
| Mí-iompar agus seirbhísí neamhdhóthanacha dlí | 91 | (7%) |
| Mí-iompar agus costais iomarcacha | 15 | (1%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | 48 | (4%) |
| Mí-iompar, seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | 27 | (2%) |
| **IOMLÁN** | **1,290** | |

## Mí-iompar

Taifeadadh 1,260 comhpháirt mí-iompair san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2023. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, bunaithe ar ghníomhartha líomhnaithe nó neamhghníomhartha líomhnaithe na ndlí-chleachtóirí. Díobh sin, bhain 310 gcinn (25%) le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm agus bhain 197 gcinn (16%) le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh. Bhain 140 gearán eile (11%) le mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 112 cheann (9%) le moill, bhain 101 cheann (8%) le calaois nó mímhacántacht, agus bhain 85 cinn (7%) le mainneachtain cuntas a thabhairt ar airgead cliant.





| | | |
|---|---|---|
| Míchlú a tharraingt ar an ngairm | 310 | (24.6%) |
| Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh | 197 | (15.6%) |
| Mainneachtain tabhairt ar láimh | 140 | (11.1%) |
| Moill | 112 | (8.9%) |
| Calaois nó mímhacántacht | 101 | (8.0%) |
| Mainneachtain cuntas a thabhairt | 85 | (6.7%) |
| Gealltanas | 69 | (5.5%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha de chineál substaintiúil | 59 | (4.7%) |
| Mainneachtain táillí abhcóide a íoc | 47 | (3.7%) |
| Coinbhleacht leasa | 41 | (3.3%) |
| Mí-iompar eile | 99 | (7.9%) |
| **IOMLÁN** | **1,260** | |





## Seirbhísí Neamhdhóthanacha Dlí


Taifeadadh 415 chomhpháirt seirbhísí neamhdhóthanacha dlí san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2023. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 119 ngearán (29%) le dlíthíocht, bhain 105 cinn (25%) le tíolacadh, bhain 75 cinn (18%) leis an dlí teaghlaigh, agus bhain 67 gcinn (16%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | 119 | (28.7%) |
| Tíolacadh | 105 | (25.3%) |
| An Dlí Teaghlaigh | 75 | (18.1%) |
| Probháid | 67 | (16.1%) |
| Fostaíocht | 22 | (5.3%) |
| Coireacht | 8 | (1.9%) |
| Eile | 19 | (4.6%) |
| **IOMLÁN** | **415** | |


## Costais Iomarcacha

Taifeadadh 121 chomhpháirt costas iomarcach san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2023. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 45 cinn (37%) le dlíthíocht, bhain 30 ceann (25%) leis an dlí teaghlaigh, bhain 25 cinn (21%) le tíolacadh, agus bhain 12 cheann (10%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | 45 | (37.2 |
| An Dlí Teaghlaigh | 30 | (24.8%) |
| Tíolacadh | 25 | (20.7%) |
| Probháid | 12 | (9.9%) |
| Fostaíocht | 1 | (0.8%) |
| Coireacht | 1 | (0.8%) |
| Eile | 7 | (5.8%) |
| **IOMLÁN** | **121** | |

## Fíor 1:
## Gearáin a fuarthas de réir contae sa bhliain 2023




| | |
|---|---|
| Dlínsí eile | 8 |
| IOMLÁN | 1,282 |





# Gearáin a Dúnadh sa bhliain 2023

## Forbhreathnú

Dúnadh 1,432 ghearán san iomlán sa bhliain 2023. Maidir le pas beag níos lú ná leath na ngearán sin (699 ngearán, a bhí cothrom le 49%), dúnadh iad toisc gur measadh iad a bheith neamh-inghlactha tar éis measúnú reachtúil.

Réitíodh 256 ghearán (18%) san iomlán idir na páirtithe, lenar áiríodh 32 ghearán a réitíodh go rathúil le cabhair ó idirghabhálaithe oilte ÚRSD. Seasadh le 111 ghearán san iomlán (8%) agus níor seasadh le 138 ngearán (10%).


Tarraingíodh 99 ngearán san iomlán siar (7%). Maidir le 109 ngearán eile (8%), ní rabhthas in ann leanúint leo nó dúnadh iad ar chúiseanna eile. Is féidir nach mbeifear in ann leanúint le gearáin toisc gur scoir dlí-chleachtóir de bheith ag cleachtadh, toisc gur cuireadh ar fionraí é nó í nó toisc gur baineadh a ainm nó a hainm ón rolla. Is féidir go n-iarchuirfear imscrúdú toisc go bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, nuair a dhéantar gearáin a tharraingt siar nó a réiteach idir na páirtithe iad féin, a fhéadfaidh ÚRSD a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe leis an bpobal leanúint le himscrúdú. Lean ÚRSD le cúig ghearán ar an mbonn sin sa bhliain 2023.

Dhún Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD 153 ghearán faoi sheirbhísí agus faoi chostais. Díobh sin, seasadh le 80 ceann agus níor seasadh le 53 cinn. Rinneadh 20 gearán eile a réiteach, a tharraingt siar, nó a dhúnadh ar chúiseanna eile ag an gcéim sin.

Dhún an Coiste um Ghearáin 233 ghearán faoi mhí-iompar líomhnaithe. Díobh sin, seasadh le 31 cheann, níor seasadh le 85 cinn agus tarchuireadh 30 ceann chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí. Rinneadh 87 ngearán eile a réiteach, a tharraingt siar, nó a dhúnadh ar chúiseanna eile ag an gcéim sin.

## Gearáin a Dúnadh *




| | | |
|---|---|---|
| Gearáin a cinneadh a bheith neamh-inghlactha | 699 | (48.5%) |
| Gearáin a réitíodh le cabhair ó ÚRSD | 256 | (17.7%) |
| Gearáin nár seasadh leo | 138 | (9.6%) |
| Gearáin a tarraingíodh siar | 99 | (6.9%) |
| Gearáin ar seasadh leo | 111 | (7.7%) |
| Gearáin a tarchuireadh chuig LPDT | 30 | (2.1%) |
| Eile | 109 | (7.6%) |
| **IOMLÁN** | **1,442** | |

* *Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil 1,442 thoradh ann sna staitisticí thuas faoi Ghearáin a Dúnadh. Tá an figiúr sin deich dtoradh níos mó ná an líon iomlán gearán a dúnadh, arb ionann é agus 1,432 ghearán. Tá sé sin amhlaidh toisc gur ar fhorais mheasctha a bhí deich ngearán (is é sin le rá gur cuimsíodh iontu níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla), rud a fhágann gur féidir leo roinnt torthaí a bheith orthu.*

## Forfheidhmiú san Ard-Chúirt

Le linn na bliana 2023, rinne ÚRSD 12 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi alt 90 den Acht ar orduithe chun na hordacháin uaidh a fhorfheidhmiú i ngearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí. Fuarthas 11 ordú san iomlán ón Ard-Chúirt, cé gur bhain trí cinn díobh sin le hiarratais a rinneadh sa bhliain roimhe. I gcás sé ghearán, chomhlíon an dlí-chleachtóir na hordacháin ó ÚRSD tar éis an t-ordú ón Ard-Chúirt a bheith déanta. I gcás trí ghearán eile, bhí ar ÚRSD iarratas breise a dhéanamh chun na cúirte ar chead chun ordú ceangail nó ordú cimithe a eisiúint toisc nár chomhlíon an dlí-chleachtóir an t-ordú ón Ard-Chúirt.

**Tá áthas orm a rá gur réitíodh an tsaincheist seo chun mo shástachta agus nach bhfuil aon fhadhbanna eile agam maidir leis an ngearán seo. Is mór agam bhur gcaidreamh ar fud an phróisis seo.**

## Gearáin leis an Ombudsman sa bhliain 2023

Féadfaidh gearánaigh atá den tuairim gur chaith ÚRSD go míchothrom leo gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Scrúdaíonn foireann an Ombudsman gearáin faoi ghníomhartha riaracháin comhlachtaí poiblí, ÚRSD san áireamh. I gcásanna lena mbaineann ÚRSD, is é ról an Ombudsman a bhreithniú cé acu a déileáladh nó nár déileáladh le gearán de réir na nósanna imeachta a leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman gníomhartha an dlí-chleachtóra a imscrúdú. Ní fhéadfaidh sé ach athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha riaracháin a rinne ÚRSD le linn dó déileáil le gearán. Ní achomharc i gcoinne an chinnidh ó ÚRSD é próiseas an Ombudsman. Ina ionad sin, is imscrúdú é ar na nósanna imeachta a lean ÚRSD.

Ní iarrann an tOmbudsman cóip den chomhad ó ÚRSD ach amháin i gcás gearáin a measann sé go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe ina leith. Sa bhliain 2023, fuair ÚRSD iarrataí le haghaidh cóip de chomhad 46 huaire. Is laghdú é sin ón bhfigiúr a tuairiscíodh sa bhliain 2022, arbh ionann é agus 63 huaire.



Tuarascáil Bhliantúil 2023 | ÚRSD

## An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Tá an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) ina chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Tá sé mar ról aige breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi mhí-iompar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí, ar gearáin iad a tharchuirtear chuige ón gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD nó ó Dhlí-Chumann na hÉireann.

Thosaigh LPDT ag fáil iarratais ón Dlí-Chumann agus ó ÚRSD araon sa bhliain 2022. Sa bhliain 2023, fuair sé 22 iarratas san iomlán, ar bhain gach ceann díobh le líomhaintí mí-iompair maidir le haturnaetha. Díobh sin, fuarthas 16 iarratas ón Dlí-Chumann agus fuarthas sé iarratas ó ÚRSD.

Sa bhliain 2023, thosaigh LPDT ag seoladh éisteachtaí cásbhainistíochta agus éisteachtaí fiosrúcháin araon. Cuireadh tús le héisteachtaí cásbhainistíochta i mí Aibreáin 2023 agus tosaíodh éisteachtaí fiosrúcháin i mí an Mheithimh 2023. Rinne LPDT cinntí (maidir le cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar ann ar thaobh an dlí-chleachtóra) i níos mó ná 20 gearán.

Maidir le hobair LPDT, rialaítear é lena rialacháin, eadhon Rialacháin an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, 2021, agus le reachtaíocht iomchuí, lena n-áirítear an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Tá ag LPDT 33 chomhalta san iomlán arna gceapadh ag Uachtarán na hArd-Chúirte ar ainmniú ón Aire Dlí agus Cirt. Tá aige 21 chomhalta thuata arna n-ainmniú ag an Aire. Tá aige freisin seisear ainmnithe ó Bharra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin) agus seisear ainmnithe ón Dlí-Chumann. Is é an tUas. Tom Coughlan cathaoirleach tuata LPDT. D'éirigh duine de chomhaltaí aturnae LPDT as ag deireadh na bliana 2023, rud a d'fhág go raibh 32 chomhalta aige ag deireadh na bliana.

Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad an seachtar ball foirne tacaíochta de chuid LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD.

**Is mian liom a admháil go bhfuarthas seic ó na haturnaetha, mar a d'ordaigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Tá cóip den admháil curtha faoi iamh agam freisin. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leatsa agus le foireann ÚRSD as bhur n-obair dhícheallach thar ár gceann.**

# Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán

## Fás Seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

B'ionann agus 36 cinn an líon comhpháirtíochtaí aturnaetha ar údaraigh ÚRSD iad chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2023. D'fhág sé sin gurb ionann agus 482 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údaraíodh ó mhí na Samhna 2019 i leith.

Chuir naoi gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán in iúl do ÚRSD sa bhliain 2023 go bhfuil sé ar intinn acu scoir de bheith ag oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta (scoir 31 cheann díobh de bheith ag oibriú ó mhí na Samhna 2019 i leith). D'fhág sé sin gurbh ionann agus 451 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhí ar an gClár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ag deireadh na bliana. Déanann ÚRSD an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go tráthrialta. Liostaítear sa chlár sin na comhpháirtíochtaí aturnaetha atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dhliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Fuair ÚRSD 122 fhoirm um chomhaltas a athrú ó Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2023, ar dá mbarr a cuireadh 175 chomhpháirtí le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ar an gclár agus a baineadh 75 chomhpháirtí díobh. Próiseáladh na hathruithe sin ar bhealach tráthúil.
Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019, atá mar chreat údarúcháin um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Le húdarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha atá ann cheana a ndliteanas pearsanta a laghdú. Mar shampla, cosnaítear a gcuid sócmhainní pearsanta ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus ab ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.

Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe.

Ar fud na bliana 2023, thug baill foirne freagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis éagsúla faoi na Rialacháin. Áiríodh leo sin iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. Thug baill foirne ÚRSD freagra ar 43 cheist a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2023.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnólacht iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta tráth nach déanaí ná 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 23 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2023 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Ba laghdú é sin ó 25 lá sa bhliain 2022.







## Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta Nua sa bhliain 2023

Tugtar léargas úsáideach sna sonraí ó ÚRSD faoi na 36 chomhpháirtíocht aturnaetha a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2023. Ar an iomlán, údaraíodh 20 Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i gContae Bhaile Átha Cliath, údaraíodh ceithre cinn i gContae Chorcaí agus údaraíodh dhá cheann i gContae na Mí agus i gContae Mhuineacháin araon. Bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag 32 cheann san iomlán de na 36 chomhpháirtíocht a údaraíodh mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.

**TÁBLA 1: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2023 de réir Contae**




**TÁBLA 2: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2023 de réir an Lín Comhpháirtithe**



## An Tobhach ar na Gairmeacha

Sa bhliain 2023, d'eisigh ÚRSD an cúigiú sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh. Is faoi réir an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle an Bharra (ar a dtugtar Barra na hÉireann anois) agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD.

Cinneann ÚRSD an méid tobhaigh gach bliain le toiliú ón Aire Dlí agus Cirt. Ríomhtar an méid de réir fhorálacha Chuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, arna leasú. Leasaíodh forálacha tobhaigh an Achta leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD an méid tobhaigh a bhí dlite don bhliain tobhaigh 2022. Ina dhiaidh sin, ríomh ÚRSD an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad. Tá díolúine ón tobhach ag dlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit faoi alt 97 den Acht. Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar faoi aturnaetha agus abhcóidí. Thosaigh ÚRSD ar ghlacadh le gearáin faoi dhlí-chleachtóirí an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht.

B'ionann an tobhach don bhliain tobhaigh 2022 agus €286.07 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €301.85 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €413.77 in aghaidh an aturnae. Fuair ÚRSD 69 gceist maidir leis an tobhach sa bhliain 2023 agus thug sé freagra orthu.

Mar a cheanglaítear le halt 95D(1) den Acht, d'eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 2 Samhain 2023 chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig na 559 n-abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad.

San iomlán, bhí 87% den tobhach don bhliain tobhaigh 2022 íoctha le ÚRSD faoin 31 Nollaig 2023.





## Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart. Baineann stádas cleachtaidh abhcóide ar an Rolla (an comhalta den Leabharlann Dlí é nó í nó nach ea, nó an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit) le hábhar le haghaidh an phróisis um an tobhach a ríomh. Déanann sé difear freisin don dliteanas atá ar abhcóide i leith an tobhach bliantúil a íoc. Ar na cúiseanna sin, tá sé tábhachtach gur cruinn agus cothrom le dáta atá mionsonraí na n-abhcóidí uile atá liostaithe ar an Rolla. Cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe le halt 136 den Acht seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an Rolla.

Ón 31 Iúil 2023 i leith, ceanglaítear ar abhcóidí ar an Rolla leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023:

- **Eolas a thabhairt do ÚRSD faoi athrú ar a mionsonraí, lena n-áirítear a n-ainm, a seoladh poist/ríomhphoist, agus a stádas cleachtaidh (cé acu atá nó nach bhfuil siad i seirbhís lánaimseartha an Stáit agus cé acu is comhaltaí den Leabharlann Dlí iad nó nach ea).**
- **Iarratas a dhéanamh ar ÚRSD go mbainfí a n-ainm den Rolla i gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar.**

Foráiltear le halt 135(5I) den Acht gurb amhlaidh, maidir le mainneachtain ag abhcóide cleachtach na hoibleagáidí nua a chomhlíonadh, a d'fhéadfadh sí a bheith cothrom le mí-iompar faoi alt 50(1)(m) den Acht, rud lena bhforáiltear go bhféadfar a mheas gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh i gcás 'gurb é atá ann sárú ar an Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi'.

Cuireadh mionsonraí 171 duine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana. Ba é dhá lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas a phróiseáil agus mionsonraí abhcóide a iontráil sa Rolla. Déileáladh sa bhliain 2023 le 141 cheist san iomlán a bhain leis an Rolla.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 2,957 nduine an 1 Eanáir 2023 go 3,051 duine an 31 Nollaig 2023. Bhí 2,139 nduine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 912 dhuine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Fuair ÚRSD 214 iarraidh ó abhcóidí ar an Rolla ar leasuithe ar a mionsonraí le linn na bliana. *"Baineadh 77 n-abhcóide san iomlán den Rolla sa bhliain 2023."*

## ÚRSD agus Iarratais ‘Abhcóide Sinsir’

I mí Aibreáin 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d’iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnae nó abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal ‘abhcóide sinsir’. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear. Sular bunaíodh an córas iarratas a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal ‘abhcóide sinsir’ a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. D’ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, chuig an gCoiste Comhairleach sa bhliain 2020 agus athcheapadh é i mí Aibreáin 2023. Thug ÚRSD cúnamh cléireachais agus riaracháin don Choiste Comhairleach le linn na bliana 2023. Tá an Rúnaí don Údarás ag gníomhú mar Rúnaí don Choiste Comhairleach ó uair a bhunaithe i leith.

D’eisigh an Coiste Comhairleach an ceathrú glao uaidh le haghaidh iarratais ar mholtaí i mí na Nollag 2022. Rinneadh glao an Choiste Chomhairligh le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d’iarratasóirí, lenar áiríodh treoir agus foirmeacha iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon. Fuair sé 49 n-iarratas san iomlán – 16 cinn ó aturnaetha agus 33 cinn ó abhcóidí. Ag an gcruinniú dá chuid an 30 Bealtaine 2023, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil “abhcóide sinsir” do 19 n-abhcóide agus do thriúr aturnaetha, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste Comhairleach.

**Tábla 3: Moltaí Paitinní Tosaíochta an Choiste Chomhairligh, 2023**

| Moltaí Paitinní Tosaíochta, 2023 | | | |
|---|---|---|---|
| IOMLÁN 22 | | | |
| Abhcóide | | Aturnae | |
| 19 | | 3 | |
| Baineann | Fireann | Baineann | Fireann |
| 5 | 14 | 2 | 1 |







## Lá Foirne Uile ÚRSD


Cuireadh an chéad Lá Foirne Uile riamh de chuid ÚRSD ar siúl i mí na Samhna 2023. Tugadh spreagadh don fhoireann a bhreithniú conas a rannchuidíonn a róil le spriocanna na heagraíochta ina hiomláine.



# 3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

## Tuarascálacha Taighde agus Moltaí

*Sa bhliain faoi athbhreithniú, foilsíodh trí thuarascáil reachtúla atá ag teacht le raon fheidhmeanna an Údaráis agus leis na freagrachtaí atá air faoin Acht as taighde agus tuairisciú a dhéanamh.*











### Tuarascálacha ar Ghearáin, 2023

*Béim a leagan ar théamaí i ngearáin chun feasacht a mhúscailt agus chun caighdeáin a fheabhsú*

Ceanglaítear ar ÚRSD faoi alt 73 den Acht tuarascáil ar oibriú a fheidhme neamhspleáiche láimhseála gearán a fhoilsiú gach sé mhí. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh an 7 Deireadh Fómhair 2019 faoi Chuid 6 den Acht.

Foilsíodh an chéad tuarascáil ar ghearáin den bhliain 2023 an 6 Aibreán. Thuairiscigh sé go bhfuair sé 655 ghearán ón 3 Meán Fómhair 2022 go dtí an 3 Márta 2023 agus gur dhún sé 671 ghearán sa tréimhse chéanna. Sa dara tuarascáil ar ghearáin, a foilsíodh an 17 Meán Fómhair, cumhdaíodh an tréimhse tuairiscithe ón 4 Márta 2023 go dtí an 1 Meán Fómhair 2023. Léiríodh inti go bhfuair ÚRSD 778 ngearán agus gur dhún sé 754 ghearán sa tréimhse tuairiscithe.

Leagtar béim sna tuarascálacha leathbhliantúla sin ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngearáin agus sainaithnítear iontu cé na réimsí a bhféadfaimis ceachtanna a fhoghlaim agus caighdeáin a ardú iontu. Áirítear leis na tuarascálacha seo cás-staidéir anaithnidithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le tomhaltóirí agus le soláthraithe seirbhíse dlí araon foghlaim ó scrúdú ÚRSD ar ghearáin aonair.

### Tuarascáil Bhliantúil 'Pathways to the Professions', 2022

*Sonraí a bhailiú faoi bheartais na gairme dlí maidir le glacadh*

Rinneadh an ceathrú tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh, rud a cheanglaítear le halt 33 den Acht, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Aibreáin 2023.

Sa tuarascáil 'Pathways to the Professions', cuireadh sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2022. Tháinig sé sna sála ar chomhairliúchán reachtúil a bhfuarthas 14 aighneacht i scríbhinn san iomlán ina leith. Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid seo a leanas: *"Le linn na bliana, tháinig maolú ar na tionchair chomhpháirteacha a bhí ag an mBreatimeacht agus ag paindéim Covid-19 araon maidir leis an líon daoine a glacadh sna gairmeacha aturnae agus abhcóide in Éirinn agus i bpatrúin an ghlactha sin."*

# Taighde Leanúnach sa bhliain 2023

## Na Bacainní Eacnamaíocha agus Eile a mbíonn Aturnaetha agus Abhcóidí atá tar éis a nGairm a Thosú ag Déileáil leo

I mí an Mhárta 2022, chuir ÚRSD tuarascáil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt ar na bacainní agus na dúshláin a mbíonn gairmithe dlí atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Ba é a bhí sa tuarascáil ná achoimre ar thaighde fairsing, lena n-áirítear suirbhéanna cuimsitheacha ar aturnaetha atá faoi oiliúint agus atá tar éis a ngairm a thosú, ar abhcóidí is mic linn agus atá tar éis a ngairm a thosú agus ar fhochéimithe dlí.

Ba é a bhí sa taighde agus sa tuarascáil sin ná iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt i mí na Samhna 2020 go mbreithneodh an tÚdarás *"na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn abhcóidí óga agus aturnaetha óga ag dul i ngleic leo tar éis dóibh a gcáilíocht ghairmiúil a bhaint amach ó Óstaí an Rí agus ón Dlí-Chumann faoi seach"*.

Tá sé beartaithe ag ÚRSD an tuarascáil agus na moltaí a fhoilsiú sa bhliain 2024.

## Breithniú a Dhéanamh ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir

I mí an Mhárta 2021, agus i gcomhréir le halt 34(5)(a) den Acht, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt tuarascáil i ndáil le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir.

Ag teacht sna sála ar iarraidh ar thairiscintí, roghnaigh ÚRSD Indecon International Consultants i mí Eanáir 2022 chun anailís shaineolaíoch a dhéanamh ar ghairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir. Leanadh leis an obair sin ar fud na bliana, agus tá an tuarascáil deiridh le foilsiú sa bhliain 2024.

I gcomhthráth leis sin, d'oibrigh ÚRSD le Ipsos Ireland chun suirbhé ar thomhaltóirí a dhéanamh ar eispéiris sa phróiseas tíolactha in Éirinn. Tá torthaí an tsuirbhé sin ar áireamh sa tuarascáil deiridh don Aire agus tá moltaí le haghaidh athchóirithe inti freisin. Chuir ÚRSD an tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí na Samhna 2023 agus foilseoidh sé an tuarascáil agus na moltaí sa bhliain 2024.

## Dul i gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil maidir le Glacadh sna Gairmeacha

I mí na Nollag 2023, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí inar iarradh aighneachtaí i scríbhinn roimh an gcúigiú tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh. Faoi alt 33 den Acht, ní foláir an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoi dheireadh mhí Aibreáin 2024.











## Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023

# Cumarsáid agus Caidreamh

Tugann ÚRSD tús áite do chaidreamh díreach soiléir tráthrialta a choinneáil ar bun le gairmithe dlí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun a chinntiú go gcoinnítear aturnaetha agus abhcóidí ar an eolas faoina n-oibleagáidí rialála. Sa bhliain 2023, lean ÚRSD lena chaidreamh le tomhaltóirí agus leis an bpobal a mhéadú, agus feasacht á múscailt ar ár gcuid oibre, agus ar ár seirbhísí láimhseála gearán go háirithe.




## Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'óstáil ÚRSD Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí sa Royal Marine Hotel, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Is é atá sa Chomhdháil Idirnáisiúnta ná deis dhomhanda uathúil do rialálaithe dlí, don lucht léinn, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do dhaoine eile chun an dea-chleachtas agus forbairtí éiritheacha sa réimse a chomhroinnt.

D'fhreastail níos mó ná 100 toscaire ar an imeacht trí lá. Ba é *'Todhchaí na Rialála Dlí – Ár mBealach a Dhéanamh trí na Deich mBliana atá le Teacht'* téama na comhdhála.

I measc na gcainteoirí Éireannacha bhí an Breitheamh Onórach David Barniville, Uachtarán na hArd-Chúirte; an Dr Catherine Day, iarArd-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh; agus Kathryn Stone OBE, cathaoirleach Bhord Caighdeán Barra Shasana agus na Breataine Bige. Ar na cainteoirí acadúla bhí an Dr Eimear Brown, Déan Scoil an Dlí i gCumann Onórach Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath; Steven Vaughan, Ollamh le Dlí agus Eitic Ghairmiúil sa Choláiste Ollscoile, Londain; agus an Dr Matthias Kilian, Ollamh Hans-Soldan le Dlí na Gairme Dlí in Ollscoil Cologne, an Ghearmáin.

Pléadh topaicí amhail an intleacht shaorga, an rochtain ar cheartas agus an eitic sa ghairm dlí, agus ba dhearfach a bhí formhór mór an aiseolais a fuarthas ó rannpháirtithe.

International Conference of Legal Regulators

DUBLIN 2023






## Caidreamh a Mhéadú trí Ardáin Dhigiteacha

Ar fud na bliana 2023, lean ÚRSD ar aghaidh ag cur leis an bhfeasacht atá ag tomhaltóirí seirbhísí dlí agus ag ár mórbhonn geallsealbhóirí ar a fheidhmeanna reachtúla agus ar a sheirbhísí.

Ceann de na príomhrudaí ar díríodh orthu in obair cumarsáide ÚRSD sa bhliain 2023 ba ea inrochtaineacht. Cheadaigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) treoir ghnáth-Bhéarla do thomhaltóirí maidir le seirbhís gearán ÚRSD. Seachadadh 2,500 cóip, beagnach, de na leabhráin treorach ar leabharlanna, ar Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ar Ionaid Dlí Pobail ar fud na tíre.

Lean cuntas ÚRSD ar LinkedIn ar aghaidh ag fás, agus 993 leantóir aige faoi dheireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú 90% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tháinig méadú ar an líon leantóirí a bhí ag cuntas ÚRSD ar Twitter/X freisin, go 708 leantóir. Baineann ÚRSD úsáid as na cuntais sin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu agus iad ag déanamh caidreamh le seirbhísí dlí. Áirítear leis sin faisnéis a thabhairt do dhaoine den phobal faoina sheirbhís gearán. Baintear úsáid as na hardáin freisin chun eolas a thabhairt do ghairmithe dlí ar na hoibleagáidí rialála atá orthu agus chun na hoibleagáidí sin a mheabhrú dóibh.




## Clúdach sna Meáin

Le linn na bliana, d'eisigh ÚRSD 16 cinn san iomlán de phreaseisiúintí agus de chumarsáidí inar tugadh an t-eolas is deireanaí faoi nuacht agus faoi ghníomhaíochtaí. Clúdaíodh roinnt tuarascálacha agus fógraí sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha chló agus chraolacháin agus i bhfoilseacháin dlí amhail an Law Society Gazette, ar iris ar líne í, agus san Irish Legal News. Ghlac an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, páirt i roinnt agallamh le RTÉ Radio 1 agus le stáisiúin áitiúla raidió chun béim a leagan ar na príomhfhionnachtana ó na tuarascálacha leathbhliantúla ó ÚRSD ar ghearáin. Thug preasoifig ÚRSD freagra ar shé cheist dhíreacha san iomlán a fuarthas ó iriseoirí sa bhliain.


Lawyer has orders against him for bad service and debts of €200,000

More than 1,300 complaints made about lawyers last year – report

County-by-county breakdown shows 1,300 complaints made about lawyers during last year

Regulator orders lawyers to pay €43,000 to complainants

High Court received seven applications against legal practitioners in 2022

Jenny Friel

# 4. Rialachas agus Bainistíocht

## Comhaltaí den Údarás agus a gComhlachtaí Ainmniúcháin

*Ba mar a leanas a bhí na comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin faoin Acht sa bhliain 2023:*



### An Dr Don Thornhill – Cathaoirleach

***An tÚdarás um Ard-Oideachas***

Déanann an Dr Don Thornhill cathaoirleacht ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí faoi láthair. Déanann sé cathaoirleacht ar Bhuan-Chomhchoiste Ospidéil Mháithreachais Bhaile Átha Cliath freisin. Tá sé ina chomhalta boird ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus ar an gCeoláras Náisiúnta agus tá sé ina chomhairleoir agus ina shainchomhairleoir ar chúrsaí straitéise agus beartais. Bhí sé ina chathaoirleach boird ar roinnt comhlachtaí eile roimhe seo, lenar áiríodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Coláiste Hibernia, Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí. Bhí sé ina chomhalta den bhord ar Fhoras Bainistíochta na hÉireann, ar Fhorfás, ar Institiúid Cánachais na hÉireann, ar an Mol Digiteach, ar Choimisiún Fulbright agus ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann freisin. Idir na blianta 1993 agus 2005, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás um Ard-Oideachas.



### Eileen Barrington SC

***Cumann Onórach Óstaí an Rí***

Tá Eileen Barrington ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí agus Choláiste na hEorpa, Brugge. Thosaigh Eileen ag cleachtadh mar abhcóide sa bhliain 1994 agus d'éirigh sí ina hAbhcóide Sinsir sa bhliain 2011. Pléann sí go príomha le dlí na hEorpa agus leis an dlí tráchtála, riaracháin agus rialála.



### Angela Black

***An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh***

Tá Angela Black ina Príomhfheidhmeannach scortha den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus d'oibrigh sí ar chosaint tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Tá sí ina Stiúrthóir ar an mBord um Chultúr Baincéireachta na hÉireann agus ar an bhForas Airgeadais Shóisialta.







### Geraldine Clarke SC

***Dlí-Chumann na hÉireann***

Tá Geraldine Clarke ina Sainchomhairleoir le Gleeson McGrath Baldwin LLP, gnólacht aturnaetha i mBaile Átha Cliath, áit a bpléann sí le réimse na dlíthíochta. Bhí sí ina hUachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo. Tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar an gCoiste um Eitic Ghairmiúil de chuid an Chomhlachais Bharra Idirnáisiúnta agus d'fhóin sí mar chomhalta de Bhord Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.



### Joan Crawford

***An Bord um Chúnamh Dlíthiúil***

Tá Joan Crawford ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Roimhe seo, d'oibrigh sí mar Stiúrthóir um Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha, mar Bhainisteoir Réigiúnach, mar Aturnae Bainistíochta agus mar aturnae in Ionaid Dlí éagsúla i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina cáil reatha, cabhraíonn Joan le beartas, rialachas agus straitéis a fhorbairt don Bhord, i measc nithe eile. Tá taithí aici sa chleachtadh ginearálta agus sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aici freisin ar an dlí teaghlaigh agus ar a bheith ag plé le cásanna idirghabhála, fuadach leanaí agus cúram leanaí sna cúirteanna uile. Tá céim Mháistreachta ag Joan i mBainistíocht Phoiblí agus tá Dioplómaí aici i nDlí na hEorpa, sa Dlí um Chúram Leanaí agus sa Dlí um Meabhairshláinte agus Cumas. Tá sí ina comhalta den Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh.



### Shane Galligan

***Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí***

Tá Shane Galligan ina chomhpháirtí le Cuntasóirí Costas Dlí Behan & Associates. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí, tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus, ón mbliain 2012 i leith, tá sé ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe na hInstitiúide, rud atá comhdhéanta de sheisear.

Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe agus tá sé ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe (CIArb) freisin.



## Dermott Jewell

***Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann***

Tá Dermott Jewell ina Chomhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Déanann sé speisialtóireacht sa dlí bainistíochta agus oibríonn sé mar shaineolaí agus oiliúnaí neamhspleách tomhaltóirí. Toghadh é mar Uachtarán ar ANEC – Guth Thomhaltóirí na hEorpa sa Chaighdeánú i mí an Mheithimh 2019.

Tá an tUas. Jewell ina chomhalta den Institiúid Chairte Eadrána (CIArb) (Craobh Éireannach) agus tá sé creidiúnaithe in Imscrúdú agus Idirghabháil Fostaíochta. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus tá Deimhniú Gairmiúil i Rialachas aige ón bhForas Riaracháin-an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



## Deirdre Malone

***Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas***

Tá Deirdre Malone ina hiar-Stiúrthóir Domhanda i mBeartas Dlí le Twitter. Tá céim onóracha i ndlí aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2003), agus tá dioplóma i nDlí, Iontaobhaíocht agus Rialachas Carthanas aici ó Dhlí-Chumann na hÉireann (2020). Glaodh chun Barra Shasana agus na Breataine Bige í sa bhliain 2006 agus chaith sí roinnt blianta ag cleachtadh mar abhcóide le Garden Court Chambers, ag déanamh speisialtóireacht in ionchoisní agus caingne in aghaidh na bpóilíní. Bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin d'Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2019 agus bhí sí ina Bainisteoir Dlí leis an gComhaontas um Dhlí ar mhaithe leis an bPobal ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2021. Is líonra dlí leasa phoiblí é sin a bhfuil mar aidhm leis an pobal dlí agus an tsochaí shibhialta a spreagadh chun an dlí a úsáid chun athruithe sóisialta a chur ar aghaidh. Chomh maith leis sin, d'oibrigh Deirdre roimhe sin sa rannóg dlí de Liberty (National Council for Civil Liberties (an Ríocht Aontaithe)), sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Éire) agus mar thaighdeoir d'Ard-Aighne na hÉireann.







## Sara Moorhead SC

***Barra na hÉireann***

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghiúiré, Tearmainn agus Inimirce. Rinne sí ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



## Simon Murphy

***Dlí-Chumann na hÉireann***

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é. Rinne sé cathaoirleacht roimhe seo ar phríomh-Choistí Rialála Dhlí-Chumann na hÉireann agus tá roinnt ról rialála aige ar fud gairmeacha éagsúla faoi láthair.

Chaith Simon roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann agus bhí sé ar an Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Tá sé ina iaruachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt freisin.



## Síona Ryan

***An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí***

Is í Síona Ryan an Stiúrthóir um Beartas, Taighde agus Gnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, áit a bhfuil de chúram uirthi dul i gcion ar fhorbairt beartais, iomaíocht a chur chun cinn agus tathant a dhéanamh ar son leasanna tomhaltóirí. Tá sí ag obair i réimse an bheartais phoiblí le breis agus fiche bliain anuas, ag obair di in institiúidí Éireannacha, in institiúidí Eorpacha agus in institiúidí idirnáisiúnta, agus tá aici céim BA i gCaidreamh Idirnáisiúnta agus céim BA sa Dlí.

# Ceapacháin agus Athcheapacháin chuig an Údarás sa bhliain 2023

Ní dhearnadh aon cheapacháin nua chuig an Údarás sa bhliain 2023. D'éirigh duine amháin as an Údarás. D'éirigh Deirdre Malone, ainmní de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, as le héifeacht ón 9 Lúnasa 2023 mar gheall ar athrú i bhfostaíocht. Níor líonadh an folúntas sin sa bhliain 2023.




Oifigí ÚRSD
i mBóthar na gCloch,
Baile Átha Cliath 7





**TÁBLA 4: Téarmaí Oifige na gComhaltaí den Údarás**

| Comhalta den Údarás | Eagraíocht | An Chéad Téarma Ceapacháin[1] | An Dara Téarma Ceapacháin[2] | An Tríú Téarma Ceapacháin |
|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Angela Black | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Geraldine Clarke | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Joan Crawford | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Shane Galligan[3] | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 14 Mhí | 3 Bliana | - |
| Dermott Jewell | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Deirdre Malone[4] | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 4 Bliana | - | - |
| Sara Moorhead[5] | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) | 17 Mí | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Simon Murphy[6] | Dlí-Chumann na hÉireann | 4 Bliana | - | - |
| Síona Ryan[7] | An Coimisiún um Iomaíocht Agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 Mí | 3 Bliana | - |
| Don Thornhill *(Cathaoirleach)* | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | 4 Bliana | - |

1 *Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.*

2 *Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma trí bliana a dtéarma a fhadú go ceann trí bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.*

3 *Ceapadh Shane Galligan chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Iúil 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ar feadh an téarma a bhí fágtha ag Stephen Fitzpatrick ar éirí as dó. Athcheapadh Shane Galligan go ceann 3 bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

4 *Ceapadh Deirdre Malone chuig an Údarás le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 trí litir dar dáta an 23 Feabhra 2021. D'éirigh Deirdre Malone as an Údarás le héifeacht ón 9 Lúnasa 2023. Níor líonadh an corrfholúntas a d'eascair as an éirí as sin sa bhliain 2023.*

5 *Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh agus athnuadh é ón 1 Deireadh Fómhair 2019 i leith. Athcheapadh Sara Moorhead go ceann 3 bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

6 *Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás ón 1 Deireadh Fómhair 2020 i leith tar éis é a bheith ainmnithe ag an Dlí-Chumann chun teacht isteach in ionad James MacGuill.*

7 *Ceapadh Síona Ryan chuig an Údarás ón 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 chun teacht in áit Deirdre McHugh ar feadh na tréimhse a bhí fágtha den téarma sin. Athcheapadh Síona Ryan go ceann 3 bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

# Gníomhaíochtaí an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil agus a chur i gcrích. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

## An Chéad Chruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain, a cuireadh ar siúl an 9 Feabhra 2023, rinne an tÚdarás an Plean Gnó 2023 ó ÚRSD a athbhreithniú agus a cheadú. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fhorbairtí i ndáil le príomhleasuithe reachtacha a theastaíonn ó ÚRSD, lenar áiríodh forbairtí i ndáil le samhail leasaithe tobhaigh agus le tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí. Cuireadh na leasuithe sin ar áireamh sa reachtaíocht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha). Tharchuir an tÚdarás Dréacht-Rialacháin um Chuntais Aturnaetha le haghaidh anailís airgeadais ag saineolaithe i mí na Nollag 2022 agus fuair sé an t-eolas is deireanaí faoi sin. Áiríodh leis sin deimhniú go mbeadh an Dlí-Chumann ag déanamh mionleasuithe ar na Rialacháin sin. Ina dhiaidh sin, thug an tÚdarás an comhthoiliú ba ghá le tabhairt isteach na Rialachán sin, rud ar shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é an 15 Márta 2023. Cheadaigh an tÚdarás beartas a bhaineann le hainm na nDlí-Chleachtóirí atá faoi réir smachtbhanna arna fhorchur ag an gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD a bheith á fhoilsiú ag ÚRSD faoi alt 73(2)(d)(iv) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. D'athbhreithnigh an tÚdarás an Plean Oibre um Chumarsáid agus Caidreamh, 2023, ó ÚRSD agus cheadaigh sé an plean sin. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht Rannóg Gearán agus Réiteach ÚRSD agus an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT). Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní agus faoi Thuarascáil alt 34 ar Chaighdeáin a Shocrú. Tugadh mioneolas don Údarás faoi airgeadas ÚRSD, tugadh tuarascáil ó Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca dó agus thug sé faoi deara go bhfuarthas deimhniú ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i ndáil le Ráitis Airgeadais na bliana 2021 tráth dheireadh mhí na Nollag 2022. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin gclár pleanála le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023, a bhí le hóstáil ag ÚRSD i mí Dheireadh Fómhair 2023.

## An Dara Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 30 Márta 2023, cheadaigh an tÚdarás na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2022 lena gcur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugadh tuarascáil don Údarás ar an gCruinniú Rialachais leathbhliantúil idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás freisin faoi dhul chun cinn an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) (lenar áiríodh leasuithe reachtacha ar Shamhail Tobhaigh ÚRSD agus tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí). Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht na Rannóige Gearán agus Réiteach agus LPDT. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Dhréacht-Tuarascáil Alt 33 ar Ghlacadh (rud a bhí le cur faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí Aibreáin 2023) agus faoi thuarascálacha alt 34 ar Bhacainní agus ar Chaighdeáin a Shocrú. Cheadaigh an tÚdarás, le rún, athcheapadh an Dr Don Thornhill mar chomhalta tuata ar an gCoiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta don tréimhse ón 2 Aibreán 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. D'athbhreithnigh an tÚdarás Cuntais Bhainistíochta ÚRSD don tréimhse dar críoch dheireadh mhí Eanáir 2023 agus tugadh tuarascáil ó Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca dó. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin bpleanáil le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023.





## An Tríú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 25 Bealtaine 2023, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht na Rannóige Gearán agus Réiteach agus LPDT. Áiríodh leis sin grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcéad tuarascáil leathbhliantúil ar staitisticí gearán don bhliain 2023. Tugadh an t-eolas is deireanaí faoi thuarascálacha alt 34 ar Bhacainní agus ar Chaighdeáin a Shocrú. Phléigh an tÚdarás dréacht tosaigh de Thuarascáil alt 34 ar an nGairm arb éard í Tíolacóir.

Thug an Cathaoirleach cuireadh d'údair na Tuarascála agus do Chomhaltaí aonair an Údaráis tuilleadh aiseolais mhionsonraithe a sholáthar go díreach do Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD i gcás gur chuí. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás freisin faoi dhul chun cinn an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) (lenar áiríodh leasuithe reachtacha ar Shamhail Tobhaigh ÚRSD agus tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí). Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi staid airgeadais ÚRSD agus d'athbhreithnigh sé na Cuntais Bhainistíochta is déanaí ó ÚRSD. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin bpleanáil le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023.

## An Ceathrú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gceathrú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 14 Meán Fómhair 2023, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi dhul chun cinn an phróisis tobhaigh sa bhliain 2023 i ndáil leis an mbliain tobhaigh 2022. Thug an tÚdarás dá aire go raibh an tobhach á ríomh faoin tsamhail leasaithe tobhaigh a tháinig i bhfeidhm an 31 Iúil 2023, mar a tosaíodh faoin Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023. Áiríodh leis sin an t-eolas is deireanaí faoi staid airgeadais ÚRSD agus athbhreithniú ar na Cuntais Bhainistíochta is déanaí ó ÚRSD. D'athbhreithnigh an tÚdarás an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ar Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2022. Thug an tÚdarás dá aire freisin go gcuirfí iniúchadh ar Chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí do ÚRSD ar siúl i Ráithe 4, 2023. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht na Rannóige Gearán agus Réiteach agus LPDT. Cheadaigh an tÚdarás togra ó Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD i ndáil le Cinntí ó Bhinsí Araíonachta agus breitheanna ón Ard-Chúirt a fhoilsiú. Is é atá i gceist leis sin foilsiú i ndáil le haturnaetha sa Law Society Gazette agus ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus foilsiú i ndáil le habhcóidí ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Bhuail Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt an 15 Meitheamh 2023 agus arís an 6 Iúil 2023. Le linn na gcruinnithe sin, fiosraíodh bealach ar aghaidh, ar dá bharr a thabharfaí Coiste reachtúil um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí isteach agus a dhéanfaí an tuarascáil ar Bhacainní a thabhairt chun críche agus a chur isteach. Bhunaigh an tÚdarás, le rún, Coiste Oideachais agus Oiliúna Alt 16, ag ceapadh an Dr Don Thornhill mar Chathaoirleach an Choiste agus ag ceapadh Joan Crawford Uas. mar chomhalta den Choiste. Cheadaigh an tÚdarás freisin go dtabharfaí cuireadh do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun comhalta a ainmniú chuig an gCoiste. Tá Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD le dul i mbun teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe le haghaidh ceadú ar tháillí comhaltais agus ar aon táillí gaolmhara. Tugadh dréacht eile de Thuarascáil alt 34 ar an nGairm arb éard í Tíolacóir don Údarás lena bhreithniú ag Comhaltaí an Údaráis agus le haiseolas ina leith a fháil uathu. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin bpleanáil le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023.

## An Cúigiú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcúigiú cruinniú dá chuid an 16 Samhain 2023, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin bpróiseas tobhaigh don Bhliain Airgeadais 2022 agus faoi staid airgeadais ÚRSD. D'athbhreithnigh an tÚdarás na Cuntais Bhainistíochta is déanaí agus tugadh tuarascáil ón gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca dó. Thug an tÚdarás dá aire an chéad Dréacht-Bhuiséad do ÚRSD don Bhliain Airgeadais 2024. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht na Rannóige Gearán agus Réiteach agus LPDT. Áiríodh leis sin grinnscrúdú a dhéanamh ar an dara tuarascáil leathbhliantúil ar staitisticí gearán don bhliain 2023. Tugadh an t-eolas is deireanaí faoi na chéad chéimeanna eile do thuarascáil alt 34 ar Bhacainní, rud lena n-áireofaí tuarascáil leasaithe ar mholtaí ón Údarás a chur faoi bhráid an Aire. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin dul chun cinn ar Choiste Oideachais agus Oiliúna a bhunú faoi alt 16 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíocht iniúchóireachta i ndáil leis an Iniúchadh Inmheánach, le hIniúchadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráitis Airgeadais ÚRSD agus leis an Iniúchadh ar Chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí do ÚRSD. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú don Údarás ar ghníomhaíochtaí ÚRSD don bhliain 2023. Thug sé dá aire an obair shuntasach a ghabh ÚRSD de láimh sa bhliain. Áiríodh léi sin rath Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, rud ar óstáil ÚRSD é ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023.

**TÁBLA 5: Freastal ar Chruinnithe Údarás ÚRSD, 2023**

| Comhaltaí | 09/02/23 | 30/03/23 | 25/05/23 | 14/09/23 | 16/11/23 |
|---|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington SC | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Angela Black | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke SC | ✔ | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ |
| Joan Crawford | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ | ✔ |
| Shane Galligan | ✔ | ✗ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Dermott Jewell | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Deirdre Malone* | ✔ | ✔ | ✔ | n/b | n/b |
| Sara Moorhead | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Simon Murphy | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Síona Ryan | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Don Thornhill *(Cathaoirleach)* | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

** D'éirigh Deirdre Malone as an Údarás le héifeacht ón 9 Lúnasa 2023.*





## Ráitis Airgeadais agus Soláthar

Sa bhliain 2023, chuir an tÚdarás an séú tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go mí na Nollag 2022 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. An 13 Nollaig 2023, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2023, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab ábhartha. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair nó, i gcás soláthairtí beaga, cuireadh na cleachtaí soláthair i gcrích ar aon dul leis na Treoirlínte Soláthair ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann Angela Black, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Suíonn Geraldine Clarke SC, comhalta den Údarás, ar an gcoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2023. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí sin a mhaolú.

Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais, ar chuntais bhainistíochta agus ar fhaisnéis airgeadais ghaolmhar atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Chomh maith leis sin, athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha iniúchóireachta, idir thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus thuarascálacha iniúchóireachta seachtraí, do ÚRSD. Áirítear le sainchúram formhaoirseachta an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT), rud a gcistíonn ÚRSD é agus a chuirtear ar áireamh i gcuntais ÚRSD. Déantar Clár Rioscaí, tuarascálacha iniúchóireachta, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

**TÁBLA 6: Freastal ar Chruinnithe Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD, 2023**

| Comhalta | 02/02/23 | 23/03/23 | 09/06/23 | 20/10/23 |
|---|---|---|---|---|
| Angela Black *(Cathaoirleach)* | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Claire Byrne | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke SC | ✗ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Peter O'Brien | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ |

# Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú);
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne ÚRSD roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí an Údaráis;
- Cód Iompair do bhaill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;
- Plean Straitéiseach 2022-2025;
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh 2020-2023 idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt;
- Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht;
- Cairt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin;
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

## Ról an Údaráis agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar a leanas:

### An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

i. Treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta ÚRSD a athbhreithniú agus a threorú;

ii. a chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;

iii. An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;

iv. Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;

v. Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;

vi. Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;

vii. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;

viii. Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

### An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go tráthrialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt faoi bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

i. beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,

ii. foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,

iii. bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

iv. cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

## Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí "Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna". I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, cuirtear dearbhú leasanna i míreanna sonracha ar an gclár oibre ar áireamh mar bhuanmhír de gach cruinniú de chuid an Údaráis agus de gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

## Meastóireacht Feidhmíochta

Rinne an tÚdarás meastóireacht inmheánach sa bhliain 2023 ar a fheidhmíocht. A luaithe a bheidh an tuarascáil ar an meastóireacht sin tugtha chun críche agus ceadaithe ag an Údarás, déanfar meastóireacht sheachtrach.

## Cruinnithe Rialachais agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt

Ar fud na bliana 2023, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt ar bhonn foirmiúil agus ar bhonn neamhfhoirmiúil araon. Cuireadh dhá Chruinniú Rialachais fhoirmiúil ar siúl sa bhliain 2023 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cuireadh ar siúl iad an 28 Márta agus an 21 Meán Fómhair.

## Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2023. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2023 ag an gcruinniú deiridh de chuid an Údaráis sa bhliain 2022. Mar gheall ar an aistriú chuig an tsamhail tobhaigh nua sa bhliain 2023, rud a n-áirítear leis gné nua ar chaiteachas buiséadaithe, ba ghá tuilleadh faireacháin agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an mbuiséad sin sa bhliain 2023 go dtí gur cuireadh an próiseas ríofa tobhaigh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna 2023. D'athbhreithnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad sin freisin (d'athbhreithnigh sé an buiséad bunaidh ag an gcruinniú dá chuid an 2 Feabhra 2023 agus d'athbhreithnigh sé buiséad leasaithe ag an gcruinniú dá chuid an 20 Deireadh Fómhair 2023).

Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Rinne na soláthraithe seirbhíse cuntasaíochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraíodh na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar Chuntais ÚRSD don tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2023. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 13 Nollaig 2023. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le Litir Uiríll shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Frithsciúradh Airgid

Is é ÚRSD an t-údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, do na habhcóidí uile sa Stát a bhfuil a n-ainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ar rolla é a dhéanann ÚRSD a chothabháil. Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na habhcóidí sin ("daoine ainmnithe") agus na bearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad ceanglais Chuid 4 d'Acht 2010.

Tá ÚRSD ina chomhalta den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid (AMLSC), rud a ndéanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht air agus a dhéanann formhaoirseacht agus athbhreithniú gníomhach ar chreat na hÉireann um Fhrithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac. D'fhreastail ÚRSD ar chruinnithe de chuid fhoghrúpa Measúnaithe Riosca AMLSC i mí an Mhárta, i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2023. Chomh maith leis sin, chuir sé sonraí agus staitisticí a bhaineann le Frithsciúradh Airgid agus le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac isteach le haghaidh Thuarascáil Bhliantúil AMLSC don bhliain 2022.

Lean ÚRSD sa bhliain 2023 freisin d'fhaireachán agus nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá foilsithe ar a shuíomh Gréasáin chun cabhrú le habhcóidí cleachtacha i ndáil leis na hoibleagáidí athraitheacha atá orthu de bhun smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i gcoinne Stát na Rúise agus i gcoinne daoine agus eintitis Rúiseacha ghaolmhara.





## An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2023.

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD 15 Iarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2023.

Bhí 16 shárú sonraí ag ÚRSD sa bhliain 2023. Cinneadh 15 cinn de na sáruithe sin a bheith ina sáruithe íseal-leibhéil. Measadh sárú amháin a bheith ina riosca meánach ach a bheith intuairiscithe fós don Choimisiún um Chosaint Sonraí agus tugadh fógra ina thaobh don Choimisiún i mí na Nollag 2023.

## Gníomhartha Trédhearcachta

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Chomh maith leis sin, foilsíonn ÚRSD gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD mar ghnáthamh freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Nuashonraítear suíomh Gréasáin ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí, do dhlí-chleachtóirí, d'iriseoirí agus do gheallsealbhóirí eile faoi obair leanúnach ÚRSD i gcomhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla. Ar na príomhdhoiciméid bheartais inmheánaigh ar ár suíomh Gréasáin tá Beartas ÚRSD maidir le Nochtadh Cosanta agus an Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Nuashonraítear cainéil meán sóisialta ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí faoinár seirbhísí láimhseála gearán. Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i dteanga inrochtana agus i meáin inrochtana, lena n-áirítear grafaicí agus físeáin bheoite lena ngabhann fotheidil. Meán tábhachtach eile trínar féidir le ÚRSD cumarsáid a dhéanamh go díreach le haturnaetha, le habhcóidí agus le príomh-gheallsealbhóirí eile is ea cainéil meán sóisialta ÚRSD. Postáiltear gach folúntas poist ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus ar a chainéil meán sóisialta.

## Iarrataí Saorála Faisnéise agus Ceisteanna Ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD 15 iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2023. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

## An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020). Áirítear na nithe seo a leanas leis na gníomhartha atá déanta ag ÚRSD chun ár seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge:

- Tugtar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge ó ghearánaigh agus ó dhlí-chleachtóirí.
- Tá leaganacha Gaeilge de thuarascálacha corparáideacha ar fáil, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise.
- Tá doiciméid seirbhíse ar fáil i nGaeilge ar an suíomh Gréasáin, lena n-áirítear treoir d'abhcóidí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha agus Foirmeacha Gearáin.
- Is féidir le baill foirne na rannóige gearán déileáil le ceisteanna teileafóin i nGaeilge.
- Tá ábhair earcaíochta ar fáil i nGaeilge agus féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar fholúntais i nGaeilge.
- Éascaíonn Rúnaíocht ÚRSD don Choiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Sa bhliain 2023, cheap Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD bainisteoir sinsearach, faoi alt 4B d'Acht 2021, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ÚRSD faoin Acht agus chun tuairisc a thabhairt ina leith.





**Tábla 7: Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2023**

| Tag. | Catagóir Iarrthóra | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go páirteach don iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar | Ag fanacht le cinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 02 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 03 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 04 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 05 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 06 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 07 | Dlí-Chleachtóir | | ✗ | | | |
| 08 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 09 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 10 | Iriseoir | ✗ | | | | |
| 11 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 12 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 13 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 14 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 15 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |

## Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta do ÚRSD sa bhliain 2023. Tharchuir an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta dhá ní chuig ÚRSD faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Tarchuireadh ní amháin faoi alt 10C(1)(b) den Acht agus tarchuireadh ní eile faoi alt 10D(1)(b)(ii). Measadh nach raibh aon údar le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanamh i leith ceachtar ní. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Chomhlíon ÚRSD an Cód ón Roinn go hiomlán sa bhliain 2023, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- **Rannán 4.6 – Athbhreithniú ar Fheidhmíocht: tar éis thabhairt chun críche na tuarascála féinmheasúnaithe a rinne an tÚdarás sa bhliain 2023, déanfar measúnú seachtrach ar éifeachtacht sa bhliain 2024.**
- **Rannáin 8.14, 8.15 – Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil: Rachaidh ÚRSD i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2024 i ndáil le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a sceidealú.**
- **Rannán 8.16 – Bunachar Sonraí Conarthaí: Tá sé le hathbhreithniú sa bhliain 2024.**
- **Rannán 8.20 – Plean Soláthair Chorparáidigh: Tá sé le hathbhreithniú agus le cur chun feidhme sa bhliain 2024.**





# Forbairtí Eagraíochta

## Acmhainní foirne

Faoi théarmaí Acht 2015, ceapann an tÚdarás a fhoireann féin le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh cúig chomórtas ar siúl sa bhliain 2023 le haghaidh róil éagsúla in ÚRSD. Tugann an tÚdarás líon beag de na baill foirne thuas ar iasacht don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) agus, sa bhliain 2023, d'fhostaigh sé cúigear ball foirne ar chonarthaí páirtaimseartha le haghaidh tionscadail shonracha (e.g., idirghabháil).

**Tábla 8: Foireann ÚRSD sa bhliain 2023**

| Post | 2023* |
|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 1 |
| Príomhoifigeach | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 5 |
| Cláraitheoir | 1 |
| Comhairleoir Dlí | 2 |
| Aturnae Stáit | 12 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 9 |
| Taighdeoir Dlí | 1 |
| Bainisteoir Oifigeach | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 3 |
| Oifigeach Cléireachais | 19 |
| Conraitheoirí | 5 |
| IOMLÁN | 61 |

* *Líon foirne amhail an 31 Nollaig 2023. Léirítear socruithe postroinnte sa líon sin. Is ionann 61 bhall foirne san iomlán agus 58.86 CL (Coibhéisí Lánaimseartha).*

## Bainistíocht Tinrimh agus Feidhmíocht

Taifeadtar an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin i mbileoga ama atá bunaithe ar aonaid 15 nóiméad. Cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh. Leanann Softworks, Córas Bainistíochta Ama, ar aghaidh ag cabhrú le ríomhanna agus cionroinnt don tobhach. Tá próiseas bainistíochta promhaidh i bhfeidhm ag ÚRSD le haghaidh gach baill foirne nua. Tá Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta ann don fhoireann ar fad freisin. Cuireadh oiliúint le linn na bliana 2023 ar na hearcaigh nua uile.

## Forbairt Leanúnach dár bhFoireann

D'fhreastail baill foirne ar lear cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineár sa bhliain 2023. Cumhdaíodh a lán réimsí difriúla iontu sin. Sholáthair ÚRSD cúrsaí in Word agus in Excel don fhoireann ar fad, mar aon le cúrsaí i mBainistíocht Ama agus in Athléimneacht. Rinneadh cúrsa saincheaptha ar sholáthar seirbhíse do chustaiméirí a dhearadh agus a sholáthar do na baill foirne uile a bhí ag obair sa Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach.

Cuireadh an Lá Foirne Uile ar siúl i mí na Samhna 2023. Ar an lá, tugadh deis don fhoireann ionchuir a chloisteáil ó chinn rannóige in ÚRSD agus in LPDT agus a mheasúnú conas a rannchuidíonn a ról le spriocanna na heagraíochta ina hiomláine. Chomh maith leis sin, fuair an fhoireann faisnéis agus treoir maidir le leas foirne agus leis na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil.

Leanadh de chlár ÚRSD um Sheisiúin Lóin agus Foghlama do bhaill foirne sa bhliain 2023, ar lena linn a thug Oifig an Bhreithneora Costas Dlí, Barra na hÉireann agus an Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta láithreoireachtaí.

## Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2023

Chabhraigh Aonad TFC na Roinne Dlí agus Cirt leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais ghnó ÚRSD. Chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloígh ÚRSD le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthair sé oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta. Cuireadh oiliúint i nGarchabhair agus i Sábháilteacht Dóiteáin araon ar an bhfoireann sa bhliain 2023.





## An Dualgas Earnála Poiblí agus Cearta an Duine

Lean ÚRSD le comhlíonadh a dhéanamh ar a oibleagáidí do bhaill foirne agus do thomhaltóirí faoin Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí ar nós an Údaráis aird a thabhairt ar an ngá atá ann leis an idirdhealú a dhíothú, leis an gcomhionannas deise a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag na baill foirne agus na daoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint.

Sa Phlean Straitéiseach 2022-2025 ó ÚRSD, sainaithníodh na cúig réimse seo a leanas le haghaidh feabhais:

- An Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí uainn agus an dóigh a bhfreagraímid ar cheisteanna ón bpobal, ag féachaint dá éagsúlacht, a athrú chun dáta.
- Inrochtaineacht ár gcumarsáidí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh sé de chumas ag tomhaltóirí agus ag dlí-chleachtóirí tuiscint a ghnóthú ar ár ról rialála agus ar ár seirbhísí rialála, go háirithe maidir le gearáin a fháil agus a imscrúdú.
- Ár suíomh Gréasáin a uasghrádú ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasán agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí Earnáil Phoiblí), 2020.
- Ár gclár leanúnach imeachtaí agus caidrimh le geallsealbhóirí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí seirbhísí dlí, dlí-chleachtóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha agus geallsealbhóirí eile in ann a dtuairimí a chomhroinnt agus eolas a dhéanamh dár bhfeidhmeanna rialála agus dár gcuspóirí reachtúla.
- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil uainn.

De bhreis air sin, is amhlaidh, mar chuid de thiomantas ÚRSD do chomhionannas, d'éagsúlacht agus do chuimsiú, formhuiníonn an tÚdarás Físráiteas, Tiomantais agus Múnla Aibíochta Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Táimid muiníneach go saibhreoidh sé sin ár n-áit oibre agus go gcothóidh sé iontaoibh agus muinín an phobail as ár n-eagraíocht.

Thug ÚRSD faoin obair feabhais seo a leanas sna réimsí sin sa bhliain 2023:

- Táirgeadh treoir ghnáth-Bhéarla do thomhaltóirí maidir le seirbhís gearán ÚRSD. Cheadaigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) an leabhrán, dar seachadadh 2,500 cóip, beagnach, ar leabharlanna, ar Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ar Ionaid Dlí Pobail ar fud na tíre.
- Clár leathnaithe um imeachtaí geallsealbhóirí ar fud na tíre.
- Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú gnáth-Bhéarla ar chomhfhreagrais litreach agus ríomhphoist le gearánaigh.
- Cuireadh tuilleadh acmhainní i leataobh le haghaidh ceisteanna a fháil agus freagra a thabhairt orthu.

## Comhaontú Seirbhíse idir ÚRSD agus LPDT

Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir ÚRSD agus LPDT don tréimhse ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Lean Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ÚRSD de thacaí riaracháin a thabhairt do LPDT sa bhliain 2023. Áiríodh leo sin tacaíocht agus comhairle maidir le rialachas, le soláthar, le seirbhísí agus le soláthairtí, oiliúint foirne agus tacaí eile acmhainní daonna. Soláthraíonn Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD formhaoirseacht don Bhinse.

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse, Comhaontú Dearbhaithe Rialachais agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt. Chabhraigh Rannóg TF na Roinne leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. D'fhreastail ÚRSD ar sheisiúin faisnéise inar thug Rannóg Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt an t-eolas is deireanaí do ghníomhaireachtaí sa bhliain 2023.

## Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

Rinneadh suirbhé ar áitreabh ÚRSD sa bhliain 2023 maidir leis na roghanna atá ann chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh, go háirithe i ndáil le téamh. Feachtais feasachta fuinnimh, an Fhoireann Ghlas agus gníomhartha le haghaidh laghdú in astaíochtaí carbóin a chur chun feidhme trí bhainistíocht dramhaíola a fheabhsú trí athchúrsáil a mhéadú, leanfar díobh sa bhliain 2024 ar aon dul leis an mbeartas Rialtais.

## Gníomhaíochtaí Soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2023. Féachann ÚRSD le tabhairt faoina sholáthar ar fad trí na Creat-Chomhaontuithe atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair is indéanta. Áirítear na nithe seo a leanas leis an soláthar a rinneadh sa bhliain 2023:

1. Conraitheoir glantacháin le haghaidh áitribh ÚRSD agus LPDT.
2. Conraitheoir slándála le haghaidh áitribh ÚRSD agus LPDT.
3. Acmhainní suímh Gréasáin le haghaidh físeáin bheoite ar an tseirbhís gearán.
4. Tacaí bainistíochta imeachta le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023.
5. Seirbhísí árachais.






## Íoc Pras Cuntas

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚRSD chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann. Tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí i leith trí shonrasc sa bhliain 2023.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile sé huaire sa bhliain 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d'oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil do gach Rannóg a bhaint amach agus gníomhaíocht a bhrú chun cinn chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2022-2025 a bhaint amach.

# Struchtúr Eagrúcháin








# An Fhoireann Ardbhainistíochta

## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### An Dr Brian Doherty
***Príomhoifigeach Feidhmiúcháin***

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



### Ultan Ryan
***Rúnaí***

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na róil sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

## An Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta



### Nuala Haughey
***Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta***

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.

## An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach



### Tony Watson

***Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach***

Chuaigh Tony Watson isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlíitheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



### Eleanor Carmody

***Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach***

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

## An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha



### Deirdre Fleming

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha***

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.





## An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin



### Alison McIntyre

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin***

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an róil sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



### Padraig Langan

***Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí***

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

## An tAonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí



### Kay Lynch

***Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí***

Ceapadh Kay Lynch mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

# Aguisín 1:
# Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2023

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 10 Eanáir | Cruinniú Aistrithe Freagrachta Chicago-na hÉireann le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023 |
| 25 Eanáir | D'fhreastail an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach agus an Ceann ar an Aonad ar an bhFóram um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh de Rialálaithe Éireannacha |
| 02 Feabhra | An chéad Chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2023 |
| 09 Feabhra | An 35ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 09 Feabhra | Seisiún Lóin agus Foghlama do bhaill foirne ÚRSD, ar lena linn a thug Barra na hÉireann láithreoireacht ar an gCreat Inniúlachta d'Abhcóidí uaidh |
| 15 Feabhra | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht ar Eitic agus Iompar d'aturnaetha faoi oiliúint i scoil an Dlí-Chumainn i mBaile Átha Cliath |
| 20 Feabhra | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí |
| 23 Feabhra | Seisiún Lóin agus Foghlama do bhaill foirne ÚRSD, ar lena linn a thug Cláraitheoir an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí láithreoireacht |
| 2 Márta | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar sheoladh an Bheartais um Fhaisnéisiú Cothromasach ó Bharra na hÉireann |
| 10 Márta | Seisiún Lóin agus Foghlama do bhaill foirne ÚRSD, ar lena linn a thug Oifig an Bhreithneora Costas Dlí láithreoireacht |
| 15 Márta | Shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha, 2023, ó Dhlí-Chumann na hÉireann thar ceann ÚRSD |
| 15 Márta | Cruinniú Tosaigh do Choiste Eagrúcháin Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023 |
| 20 Márta | Labhair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Comhlachas Barra Aturnaetha na Gaillimhe agus thug sé cuairt ar Ionad na Gaillimhe um Fhaisnéis do Shaoránaigh |
| 23 Márta | An dara Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2023 |





| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 28 Márta | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 30 Márta | An 36ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 06 Aibreán | Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2023 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 08 Bealtaine | Thug Cathaoirleach ÚRSD láithreoireacht do ghrúpa PROBUS sa Royal Saint George Yacht Club i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath |
| 16 Bealtaine | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 19 Bealtaine | An dara Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2023 |
| 22 Bealtaine | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le Nithe Rialála |
| 25 Bealtaine | An 37ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 31 Bealtaine | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Fo-Chisteoir Chumann Onórach Óstaí an Rí |
| 02 Meitheamh | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Sheachtain na nGairmeacha Cúntóirí Breithiúnacha |
| 09 Meitheamh | An tríú Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2023 |
| 13 Meitheamh | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí do Sheimineár Gréasáin Rialála Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath |
| 15 Meitheamh | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an Oideachas agus an Oiliúint Dlí |
| 26 Meitheamh | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí |
| 28 Meitheamh | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Fo-Chisteoir Chumann Onórach Óstaí an Rí |

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 29 Meitheamh | Cruinniú Iomlánach an Choiste um Ghearáin, ar lena linn a thug Patricia Dillon SC caint |
| 28 Iúil | Chuaigh an líon Abhcóidí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha thar 3,000 abhcóide |
| 31 Iúil | Tháinig an tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, i bhfeidhm, agus athruithe á dtabhairt isteach aige ar an tsamhail le haghaidh an tobhach a ríomh |
| 03 Lúnasa | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Coimisiún Gearán Dlí na hAlban |
| 15 Lúnasa | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 31 Lúnasa | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar pléadh oibleagáidí maidir le tuairisciú |
| 08 Meán Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar pléadh an tobhach |
| 14 Meán Fómhair | An 38ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 15 Meán Fómhair | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bharra na hÉireann |
| 15 Meán Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar pléadh an tobhach |
| 21 Meán Fómhair | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 21 Meán Fómhair | Labhair an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach le Coiste Treorach agus Eitice an Dlí-Chumainn |
| 27 Meán Fómhair | Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2023 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 25-27 Deireadh Fómhair | D'óstáil ÚRSD Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath |
| 19 Deireadh Fómhair | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht ar Eitic agus Iompar d'aturnaetha faoi oiliúint i scoil an Dlí-Chumainn i mBaile Átha Cliath |
| 20 Deireadh Fómhair | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach caint forbartha gairmiúla leanúnaí i mBaile na Lorgan le haghaidh Lá Forbartha Gairmiúla Leanúnaí an Oirthuaiscirt |





| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 20 Deireadh Fómhair | An ceathrú Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2023 |
| 02 Samhain | Eisíodh Fógraí Measúnachta Tobhaigh don bhliain tobhaigh 2022 |
| 14 Samhain | Cuireadh tuarascáil ar thíolacadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt |
| 16 Samhain | An 39ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 22 Samhain | D'fhreastail foireann ÚRSD ar an Lá Foirne Uile i mBaile Átha Cliath |
| 23 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Mháistir-rang Rialála Mason Hayes & Curran |
| 25 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Chomhdháil na nDlíodóirí Teaghlaigh |
| 28 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aitheasc d'abhcóidí ag imeacht "Buail leis an Rialálaí" i gCumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath |
| 4 Nollaig | Cruinniú le Barra na hÉireann inar pléadh an tobhach |
| 15 Nollaig | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar Bheartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh |

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Ár gCultúr san Áit Oibre






An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí

Legal Services
Regulatory Authority

*An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí*
*Aonad 1-3,*
*Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir*
*Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7*

| | |
|---|---|
| ***Postchód:*** | *D07 K290* |
| ***Ríomhphost:*** | *lsra-inbox@lsra.ie* |
| ***Suíomh Gréasáin:*** | *www.lsra.ie* |
| ***Twitter/X:*** | *@LSRAIreland* |